



# IS SINNE AN IAA

ÚDARÁS EITLÍOCHTA NA hÉIREANN  
TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018





# CLÁR ÁBHAIR

- 2 Príomhtheachtaireachtaí agus príomhfhigiúirí 2018
- 7 Buaicphointí airgeadais agus oibriúcháin 2018
- 9 Ráiteas an Chathaoirligh
- 13 Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh
- 23 Stiúrthóirí agus faisnéis eile
- 27 Tuarascáil na Stiúrthóirí
- 33 Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí
- 34 Tuarascáil an iniúcháora neamhspleách
- 36 Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais
- 37 Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile
- 38 Clár comhardaithe comhdhlúite
- 39 Clár comhardaithe na cuideachta
- 40 Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gothromas
- 41 Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gothromas
- 42 Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid
- 43 Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais
- 62 Achoimre cúig bliana 2014–2018



# PRÍOMHTHEACHTAIREACHTAÍ 2018

2

Láimhseáil an IAA 345,000 traseitilt go sábháilte, chomh maith le 267,000 gluaiseacht tráchtála críochfoirt agus 505,000 eitilt trasna an Atlantaigh Thuaidh

Rinne an IAA bainistiú sábháilte ar loingeas AOC na hÉireann de 671 aerárthach agus méadú foriomlán ar chlár aerárthaigh na hÉireann go 1,433 aerárthach

Tá Éire sa 2ú áit san Eoraip maidir le caighdeán agus cleachtais mholta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a chur i bhfeidhm go héifeachtúil.

Bhaineamar an scór is airde amach i CANSO/EUROCONTROL 2018, an slat tomhais ar chaighdeán feabhais na gcóras bainistíochta sábháilteachta.

Táimid sa leibhéal is airde de sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta san Eorpach agus scór 91% againn ó thaobh na haibíochta sábháilteachta, de réir mheasúnú EASA (an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta) ar éifeachtúlacht na bainistíochta sábháilteachta.

Leanaimid le hinfheistiú a dhéanamh inár ndaoine agus inár dteicneolaíocht, lenár saineolas a chothú agus le hullmhú a dhéanamh le haghaidh dúshlán amach romhainn, Brexit san áireamh

Tá ár dtáillí do chustaiméirí faoi bhealaigh i measc na dtáillí is ísle san Eoraip.

Coimeádadh moilleanna ag leibhéal chomh híseal agus a d'fhéadfaí.

Bhaineamar rátáil sásaimh chustaiméirí 92.3% amach ónár gcustaiméirí aerlíne.

D'infheistíomar i bhfiontair a bhaineann le heitlíocht tríd an tionscnamh Propeller Shannon.

# PRÍOMHFHIGIÚIRÍ 2018

LÁIMHDEACHAS



€198.9<sub>m</sub>

BRABÚS OIBRIÚCHÁIN



€31.6<sub>m</sub>

BRABÚS I NDIAIDH CÁNACH



€31.3<sub>m</sub>

GLANSÓCMHAINNÍ



€236.4<sub>m</sub>

DÍBHINN DO 2018

€19.5<sub>m</sub>

MEÁNLIÓN AN LUCHTA FOIRNE



685

AERTHÁRTHAIGH AR  
CHLÁR NA HEIREANN



4.0%

CEADÚNAIS



12.6%

TRASEILTÍ



0.4%

TRÁCHT INTÍRE



4.7%



**MARTIN HOGAN** | SPEISIALTÓIR BAINISTÍOCHTA AERTHRÁCHTA, SIONAINN

“Is riachtanach miontuiscint a bheith ag an té atá i ról an Speisialtóra ar cheanglais oibriúcháin reatha agus todhchaí maidir le rialú aerthráchta agus baineann an ról le dearadh, soláthar agus cur i bhfeidhm na gcóras ardteicneolaíochta a bhíonn mar bhonn taca le slándáil agus iontaofacht na seirbhíse a chuirimid ar fáil dár gcustaiméirí.”


Thosaigh sé leis an IAA in 2003



CAROLINE CARR | ARDCHÚNTÓIR SONRAÍ, BAILE ÁTHA CLIATH

“Oibrím mar Ardchúntóir Sonraí in oibriúcháin bainistíochta aerthráchta Bhaile Átha Cliath agus in ár n-oifig tacaíochta oibriúcháin agus bím i mbun comhoibrithe le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath i ndáil le hoibreacha aerpháirce agus maidir le hiarratais ladrainn a cheadú.”

Thosaigh sí leis an IAA in 1993



# SEIRBHÍSÍ AERLOINGSEOIREACHTA SAN ATLANTACH THUaidh

## Ár gcúram

**RIALACHÁN SÁBHÁILTEACHTA EITLÍOCHTA SIBHIALTA**

**SLÁNDÁIL EITLÍOCHTA**

**BAINISTÍOCHT AERTHRÁCHTA**

**Gníomhaíochtaí Tráchtála**



# BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS AGUS OIBRIÚCHÁIN 2018



## BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS

|                         | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 | % Athrú |
|-------------------------|---------------|---------------|---------|
| Láimhdeachas            | 198,922       | 193,442       | +2.8%   |
| Brabús Oibriúcháin      | 31,550        | 33,540        | -5.9%   |
| Brabús i ndiaidh Cánach | 31,321        | 26,267        | +19.2%  |
| Díbhinní Íoctha         | 19,458        | 9,248         | +110.4% |



## GNÍOMHAÍOCHT AERTHRÁCHTA

|  | 2018<br>Líon | 2017<br>Líon | % Athrú |
|--|--------------|--------------|---------|
| Traseiltí Faoi Bhealaigh                   | 345,403      | 343,977      | +0.4%   |
| Trácht Críochfoirt Tráchtála               | 266,917      | 255,019      | +4.7%   |
| Seirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh | 505,397      | 500,684      | +0.9%   |



## FOSTAÍOCHT

|                    | 2018<br>Líon | 2017<br>Líon | % Athrú |
|--------------------|--------------|--------------|---------|
| Meánlíon fostaithe | 685          | 666          | +2.9%   |



## TÁILLÍ CUSTAIMÉIRÍ

|  | 2018<br>€  | 2017<br>€ | % Athrú |
|--|--|-----------|---------|
| Traseiltí faoi bhealaigh                   | 27.69  | 29.54     | -6.3%   |
| Trácht Chríochfoirt an Aerfoirt            | 151.75   | 171.69    | -11.6%  |
| Seirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh | 45.00  | 45.00     | 0.0%    |
| Rialachán Sábháilteachta                   | Níor tháinig aon athrú ar an Ordú Táillí ó 2016. |           |         |

“Táim ag obair faoi láthair i Sionainn chun oibriúcháin sábháilte agus éifeachtúla a chinntiú le haghaidh aerárthaigh ag teacht isteach agus ag fágáil agus táim i mbun oiliúna anois chun a bheith i mo Scrúdaitheoir Aonaid um Inniúlacht.”

Thosaigh sí leis an IAA in 2004



# RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH



Is cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil Údarás Eitlíochta na hÉireann don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 a chur faoi bhur mbráid.

MICHAEL McGRAIL | CATHAOIRLEACH

9

## Rialú Sábháilteachta agus Slándála

Rinne an IAA rialú sábháilte ar an earnáil eitlíochta sibhialta agus slándáil eitlíochta in Éirinn in 2018. Déanann an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) monatóireacht leanúnach ar chur chun feidhme éifeachtach caighdeán agus cleachtas molta ICAO in Éirinn agus, de bharr na monatóireachta sin, tá Éire sa 2ú háit san Eoraip agus sa 7ú háit ar domhain le scór 95.06% aici ó thaobh cur chun feidhme éifeachtaigh.

Tá Éire ar ceann de na céad bhallstáit den AE chun páirt a ghlacadh sa tionscadal Data4Safety de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA), tionscadal atá dírithe ar shonraí sábháilteachta ó fhoinsí éagsúla a chomhroinnt le hintinn cur chuige réamhghníomhach a fhorbairt i leith na sábháilteachta.

I rith na bliana, chuamar i dteagmháil leis na príomhpháirtithe leasmhara eitlíochta chun a chinntiú go bhfuil leasa eitlíochta na hÉireann á gcosaint i gcoinne Brexit. D'ainneoin na neamhchinnteachta sin, tháinig méadú 4% ar chlár aerárthaigh na hÉireann in 2018 go 1,433 aerárthach. Tháinig méadú 5.3% ar líon na n-aerárthach mór ar an gclár.

## Bainistiú Aerthráchta

Leanadh den mhéadú ó thaobh na leibhéal aerthráchta in 2018 agus is cúis áthais dom a rá gur dhéileáil an IAA leis an méadú i dtraseitiltí, i dtrácht críochfoirt agus i dtrácht ón Atlantaigh Thuaidh ar bhealach sábháilte éifeachtúil. Tháinig méadú 0.4% ar líon na dtraseitiltí faoi bhealach go 345,000 gluaiseacht. Tháinig méadú 4.7% go 267,000 gluaiseacht ar an méid tráchta tráchtála ag aerfoirt an Stáit, i.e. Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne agus cuireadh seirbhís cumarsáide gutha ar fáil do 505,000 eiltit ar an Atlantach Thuaidh, sin méadú 0.9% ar 2017.

Léirítear sa rátáil sásaimh chustaiméirí 92.3% go bhfuil ár gcustaiméirí fós den tuairim go bhfuil feidhmíocht an IAA an-mhaith. Bhain an IAA an scór is airde amach i CANSO/EUROCONTROL 2018, an slat tomhais ar chaighdeán feabhais na gcóras bainistíochta sábháilteachta. Sa tomhas is déanaí a rinne EASA maidir le héifeachtúlacht ár mbainistíochta sábháilteachta, bhain an IAA scór amach sa leibhéal is airde i gcomparáid le soláthraithe seirbhíse eile san Eoraip.

Le linn na bliana, rinne an IAA an-dul chun cinn ó thaobh túr rialaithe amhairc a thógáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Beidh an tionscadal ag bogadh ar aghaidh go gairid go dtí céim an fheistithe teicneolaíochta agus meastar go mbeidh sé réidh le feidhmiú i lár 2020.

In Aibreán 2018, seolfar go hoifigiúil Aireon Alert, seirbhís domhanda rianaithe phráinnfhreagartha saor in aisce um aerárthaigh a aimsiú.

## Feidhmíocht Airgeadais

Bhíomar an-láidir arís in 2018 ó thaobh cúrsaí feidhmíochta airgeadais. Rinne an Grúpa brábús oibriúcháin €31.6 milliún in 2018 ar láimhdeachas €198.9 milliún. Ba ionann brábús an Ghrúpa i ndiaidh cánach agus €31.3 milliún. Tháinig méadú €24.4 milliún ar na glansócmhainní go €236.4 milliún, méadú atá inchurtha don chuid is mó i leith an túir rialaithe amhairc nua atá á thógáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, luacháil in airde ar infheistíocht an Ghrúpa in Aireon Holdings LLC, agus feabhsú ar ghlanluach dliteanais an chiste pinsin.

## Díbhinn

Ar aon dul le beartas díbhinne an IAA 30% de bhrabús na cuideachta i ndiaidh cánach a íoc i ndíbhinní, is cúis áthais dom a thuairisciú go n-íocfar díbhinn €7.5 milliún dár ngeallshealbhóirí i leith 2018. Cuireann sé áthas orm freisin a thuairisciú go n-íocfar an IAA díbhinn breise speisialta €12.0 milliún, cosúil le hanuraidh, rud a thabharfaidh iomlán na díbhinne a íocfar go €19.5 milliún agus iomlán na ndíbhinní a íocadh le cúig bliana anuas go €62.2 milliún.

### Rialachas Corparáideach

Tá an bord tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorpóraidigh a bhaint amach agus in 2018, chuir an IAA bearta cuí i bhfeidhm chun cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016. Déanann an IAA athbhreithniú ar bhonn rialta ar a mbeartais agus nósanna imeachta chun comhlíonadh a chinntiú. Le linn na bliana, rinne an Bord breithniú ar struchtúir a choistí agus rinneadh moladh go mbeadh dhá choiste nua, ceann amháin acu i réimse na sábháilteachta agus ceann eile i réimse an athchóirithe eagraíochtúil, ina gcaibhair d'obair an Bhoird. Beidh na coistí seo i dteannta na gceithre choistí boird atá ann cheana - an coiste iniúchóireachta agus riosca; an coiste airgeadais; an coiste ceapachán agus luach saothair; agus an coiste pleanála infheistíochta.

### Dúshlán 2019

Tá an Bord ag obair i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun beartas an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir leis na feidhmeanna rialála slándála agus na feidhmeanna soláthair seirbhíse de chuid an IAA a dheighlt ó sholáthar seirbhísí bainistíochta aerthráchta, agus na feidhmeanna rialála a chumasc le feidhmeanna an Choimisiúin um Rialáil Eitlíochta chun comhlacht rialála amháin a dhéanamh. Beidh an soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta ina eintiteas tráchtála ar leith faoi rialú an Stáit. Is tionscnamh ríthábhachtach é seo don IAA agus tá gach iarracht á dhéanamh chun a chinntiú gur cur chun feidhme éasca a bheidh i gceist leis, don tionscal, dár gcustaiméirí aerlíne agus dár bhfoireann. Tá reachtaíocht á hullmhú chun tacú leis an tionscnamh seo agus tá na páirtithe go léir ag obair i dtreo dáta deighlte an-dúshlánach, an 1 Eanáir 2020.

Chuir an IAA fáilte roimh an tuarascáil arna foilsiú ag AQE i mí Mheán Fómhair 2018 dar teideal 'Review of Oversight of Search and Rescue (SAR) Aviation Operations in Ireland'. Táimid ag obair laistigh de struchtúir rialachais bhunaithe d'fhonn a chinneadh conas a dhéanfaí dualgais mhaoirseachta dlí agus sábháilteachta a shannadh ar an IAA.

Tá an chéad tréimhse rialála eile de chuid Aerspás Eorpach Aonair do na blianta 2020-2024 ag teannadh linn. Ós rud é go bhfuil nach mór 80% de láimhdeachas an IAA rialáilte, tá sé ina phríomhthosaíocht don chuideachta don bhliain atá romhainn comhaontú a dhéanamh maidir le plean feidhmíochta inbhuanaithe.

### Buíochas

Bhí an-áthas orm glacadh le ról Chathaoirleach an IAA i mí Mheán Fómhair. Thar ceann an bhoird, na bainistíochta agus na foirne, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Iar-Chathaoirleach, Anne Nolan, a tháinig deireadh lena tréimhse oifige i mí an Mheithimh. Bhí Anne ina comhalta boird ar feadh 12 bliana agus ina Cathaoirleach ar feadh 8 mbliana. Chuir sí go mór le rath an IAA i rith na blianta sin.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair a rinne na comhaltaí boird a d'imigh ar scor i rith na bliana agus fáilte mhór a chur roimh ár gcomhaltaí nua. Táim ag súil go mór le bheith ag obair libh go léir.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'fhuinneamh agus díograis an Phríomhfheidhmeannaigh, Peter Kearney, agus é i gceannas ar an gcuideachta le linn na tréimhse athraithe seo agus leis an bhfoireann as a ndíograis chun seirbhís shábháilte agus éifeachtach a chur ar fáil.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Shane Ross TD, agus lena oifigigh as a dtacaíocht agus cúnamh go léir.



**Michael McGrail**  
Cathaoirleach



**BRENDAN BERGIN** | FEIDHMEANNACH CÁILÍOCHTA, CEANNCHEATHRÚ IAA

**“Táim freagrach as comhlíonadh an chórais bainistíochta sna réimsí seo a leanas – Cáilíocht, Sláinte agus Sábháilteacht, Fuinneamh, Coinneáil Taifead agus Cosaint Sonraí – mar sin is ról suimiúil é a bhaineann an-éagsúlacht leis ó lá go lá.”**

Tosaigh sé leis an IAA in 2015



**CLARE BRADY** | FEIDHMEANNACH EITLÍOCHTA, CEANNCHEATHRÚ IAA

“Taitníonn an éagsúlacht a bhaineann le mo chuid oibre Acmhainní Daonna go mór liom agus bainim taitneamh as bualadh le daoine ó gach leibhéal ar fud na Cuideachta.”

Thosaigh sí leis an IAA in 2012



# ATHBHREITHNIÚ AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Bliain rathúil eile a bhí in 2018 inar lean an IAA de mhaoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht an tionscail eitlíochta sibhialta in Éirinn agus de sheirbhís rialaithe aertrácha mar aon le seirbhís chumarsáide gutha shábháilte agus éifeachtúil a sholáthar dár gcustaiméirí aerlíne.

**PETER KEARNEY** | PRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Trí mheascán de dhíograis agus saíneolas ár bhfoirne agus ár ndúthracht agus sármhaitheas leanúnach, táimid ag leanúint orainn de sheirbhís shábháilte agus ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus páirtithe leasmhara uile.

Tháinig méadú 5.3% in 2018 ar líon na n-árthach mór atá ar chlár árthaigh na hÉireann agus méadú 12.6% ar ghníomhaíocht ceadúnais chun éileamh méadaithe ár sealbhóirí ceadúnais 'aerárthach ar theastas aeroibreora' a shásamh, chomh maith le gníomhaíocht a bhaineann le Brexit. Inár gcáil mar rialtóir na heitlíochta sibhialta, tá dlúthchaidreamh againn i gcónaí le páirtithe leasmhara eitlíochta éagsúla agus d'oibríomar i ndlúthchomhar leis an Rialtas chun a chinntiú go ndéantar leasa na hÉireann a chosaint san iliomad cás a d'fhéadfadh teacht as Brexit.

Tháinig méadú 0.4%, 4.7% agus 0.9% faoi seach ar thrácht faoi bhealach, trácht chríochfoirt agus trácht ar an Atlantach Thuaidh i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Méadaíodh ár leibhéil foirne oibríochtúla in 2018

agus tá tuilleadh méaduithe beartaithe le haghaidh 2019 chun a chinntiú go leanfaimid de sheirbhís ardchaighdeán a sholáthar de réir mar a théann leibhéil trácha i méid.

Coimeádadh moilleanna a bhain leis an IAA san aerspás atá faoi rialú na hÉireann chomh híseal agus ab fhéidir agus táimid ag leanúint orainn dár n-oibríochtaí a bhainistiú chun ardchaighdeán ár seirbhíse a chinntiú. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir leis an túr rialaithe amhairc nua a thógáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, sainchomhartha nua don tír ar fad, ní amháin Baile Átha Cliath. Tá dul chun cinn déanta freisin maidir le cinneadh an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le feidhmeanna rialála slándála agus na feidhmeanna soláthair aerloingseoireachta de chuid an IAA a dheighlt óna chéile. Beidh an tionscnamh sin ina phríomhthosaíocht againn in 2019.

## Rialú Sábháilteachta agus Slándála

Aithnítear an IAA i gcónaí mar rialtóir sábháilteachta den scoth le linn

tréimhse lán neamhchinnteachta ó thaobh aeriompair idirnáisiúnta de bharr Brexit agus gach a mbaineann leis. Is ceann de thosaíochtaí straitéiseacha an IAA ullmhúcháin a dhéanamh le haghaidh Brexit agus a bheith in ann iarmhairtí Brexit a bhainistiú i gcomhar leis an Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt agus páirtithe leasmhara eitlíochta na hÉireann. Le linn 2018, bhí leasa na hÉireann á gcosaint ag an Rannóg Rialála Sábháilteachta trí chaidrimh a chothú le páirtithe leasmhara maidir le pleanáil theagmhasach a dhéanamh le haghaidh crua-Brexit, rud a d'fhéadfadh aeroibreoirí nó eagraíochtaí cothabhála agus gairmithe eitlíochta gaolmhara na hÉireann a chur faoi mhíbhuntáiste. Tháinig méadú mór ar líon na n-iarratas ar cheadúnú pearsanra de bharr pearsanra eitilte agus innealtóirí cothabhála ag féachaint lena gceadúnais EASA (an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta) arna n-eisiúint sa Ríocht Aontaithe a aistriú chuig ceadúnais eisithe in Éirinn.

## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

Rinne baill foirne tiomanta ár bhfoirne ceadúnaithe na hiarratais seo a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach agus iad i mbun a bpáirt a ghlacadh chun a chinntiú go mbeidh earnáil na heitlíochta réidh le haghaidh Brexit.

D'ainneoin an mhéid neamhchinnteachta a bhaineann le Brexit, lean tionscal eitlíochta sibhialta na hÉireann de bheith ag méadú le linn 2018. Faoi láthair, déanann an IAA maoirsiú ar 1,440 ártach cláraithe, 16 aerobreoir, 23 aeradróm ceadúnaithe agus breis agus 14,000 pearsanra ceadúnaithe.

### Creat Rialála

I Meán Fómhair 2018, rinne an AE an Bun-Rialachán (Rialachán (AE) 2018/1139) le haghaidh sábháilteachta

eitlíochta a nuashonrú. Téann an bun-Rialachán i ngleic leis na rialacha comhchoiteanna in earnáil na heitlíochta sibhialta san Eoraip agus leathnaíonn sé raon an réimse seo a mheastar anois a bheith ina chuid de Chóras Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa agus áirítear ann oibleagáidí breise údaráis inniúla i Stáit.

Tá na bun-Rialachán tar éis raon EASA a leathnú chun réimsí amhail gníomhaíochtaí láimhseála ar an talamh, córais aerárthach gan foireann (i.e. ladraínn de mheáchan 250g agus os a chionn) agus cibearshlándáil. Mar thoradh air sin, tiocfaidh méadú ar fhreagrachtaí maoirseachta an IAA de réir mar a eiseofar Rialacha Cur Chun Feidhme an AE sna trí bliana seo chugainn.

Áirítear sa rialachán sainordú do Bhallstáit an AE chun Clár Sábháilteachta Stáit agus Plean Stáit maidir le sábháilteacht eitlíochta a chur le chéile. De réir beartais, tá an IAA tar éis Clár Sábháilteachta Stáit agus Plean Sábháilteachta Stáit a chur le chéile thar ceann na hÉireann le roinnt blianta anuas bunaithe ar chaighdeáin na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus, ar bhonn deonach, tá sé tar éis glacadh le moltaí EASA le haghaidh Ballstát mar a leagtar amach iad sa Phlean Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta. Is é is ciall leis na ceanglais seo a áireamh sa bhun-rialachán nua ná go dtiocfaidh na doiciméid seo faoi réir gníomhaíochtaí caighdeánaithe EASA amach anseo.

14

### AN TIONSCAL RIÁLÁILTE (FEABHRA 2019)



**12,237** Ceadúnas Pearsanra Eitilte  
Breis agus **1,100** ar feitheamh (Brexit)



**1,836** Innealtóir Cothabhála  
Breis agus **300** ar feitheamh (Brexit)



**257** Rialtóir Aerthráchta  
**49** Oifigeach Raidió  
**10** Oifigeach Seirbhís Eolais Eitiltí Aeradróim (AFISO)



**1,440** Aerárthach Cláraithe  
**896** Aerárthach ar Theastas Aeroibreora  
**544** Eitlíocht Ghinearálta



**13** Aerárthach Sciatháin Dobhogtha ar Theastas Aeroibreora  
**3** Héileacaptar ar Theastas Aeroibreora



**11,765** Ladrann Cláraithe  
**344** Oibrítheoirí le ceaduithe speisialta  
**441** Teastas Inniúlachta Píolóta le haghaidh Aerárthaí Beaga gan Foireann



**30** Eagraíocht Oiliúna Ceadaithe (ATOs/DTOs)



**23** Aeradróm  
**8** AE Deimhnithe  
**15** Náisiúnta



**9** Eagraíocht Oiliúna Cothabhála (Cuid 147)



Aerárthaigh Uile ag Oibriú isteach go hÉireann  
Aeradróim Uile agus Oibrítheoirí Críochfoirt 2 Pax  
**2,800** Eintiteas Deimhnithe (Eagraíochtaí agus Daoine)



**11** Ionsamhlóir Eitilte (FSTD)



**33** Bainistíocht Cothabhála  
**39** Soláthraí Cothabhála  
**2** Eagraíocht Táirgeachta (POA)  
**8** Eagraíocht Deartha (DOA) +2 WIPS  
**2** Ionad Aeraileighis



Cuimsítear sa bhunrialachán nua forálacha maidir le haistriú freagrachta ó Bhallstáit chuig an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA)/ Ballstáit eile agus do dhíorma saineolaithe AE. Tá an IAA tar éis comhaontú comhpháirtíochta a dhéanamh cheana féin le EASA chun seirbhísí maoirseachta a sholáthar do EASA le haghaidh eagraíochtaí atá ag feidhmiú lasmuigh den AE. Cuirfidh an fhoráil nua deiseanna ar fáil don IAA chun an tseirbhís seo a leathnú chuig eagraíochtaí atá ag feidhmiú san Eoraip.

### Bainistiú na Sábháilteachta

Tá an IAA ga leanúint ar aghaidh le próisis um bainistiú sábháilteachta a chur chun feidhme agus a fheabhsú chun na ceanglais rialála is déanaí a chomhlíonadh. Áirítear i measc phróisis an IAA um bainistiú sábháilteachta riosca a aithint agus a mheas; próifíliú riosca ag leibhéal an Stáit, ag an leibhéal earnála agus ag leibhéal na heagraíochta; pleanáil ghníomhach chun dul i ngleic leis na húdair imní is mó ó thaobh sábháilteachta de; agus monatóireacht feidhmíochta chun a chinntiú go bhfuil an toradh atá ag teastáil á bhaint amach ó thaobh riosca a laghdú.

Is ceann de na príomhthacaíochtaí d'eagraíochtaí agus Stáit maidir le sábháilteacht a bhainistiú ná go ndéantar tuairisciú agus anailís tráthúil ar theagmhais sábháilteachta. Tá sé de chuspóir ag Rialachán (AE) 376/2014 an cultúir tuairiscithe a fheabhsú trí chosaint riachtanach rúndacht an tuairisceora agus úsáid sonraí teagmhais a chumhdach sa dlí Eorpach. Cabhraíonn an rialachán seo freisin chun faisnéis sábháilteachta níos fearr a sholáthar le haghaidh cinnteoireachta níos fearr trí a chinntiú go dtagann tuairiscí teagmhais faoi réir ceanglais agus amlínte éigeantacha maidir le cáilíocht sonraí. Tiocfaidh an rialachán seo faoi réir iniúchadh caighdeánaithe EASA don chéad uair i mí Mheán Fómhair 2019.

Tugann an IAA an-tacaíocht do tionscnaimh atá á stiúradh ag EASA i ndáil le bainistiú riosca sábháilteachta comhtháite. Chuige sin, tá Éire ar ceann de cheithre stáit AE (an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an Spáinn

na cinn eile) atá ag tacú le seoladh tionscadail EASA **Data4Safety**.

Is socrú comhpháirtíochta é seo ina bhfuil déantóirí agus oibrítitheoirí eitlíochta páirteach faoi láthair agus tá pleananna ar bun chun go mbeidh na páirtithe leasmhara uile páirteach ann. Is é is aidhm leis an tionscadal ná sonraí sábháilteachta ó fhoinsí éagsúla a chomhroinnt (lena n-áirítear tuairiscí teagmhais, córais taifeadta eitlíochta, sonraí comhshaoil, sonraí radair) le hintinn cur chuige réamhghníomhach a fhorbairt i leith na sábháilteachta agus anailís a dhéanamh ar threochtaí agus cásanna as ar féidir guais sábhála teacht.

Tá an ionscadal Data4Safety ag céim an chruthúnais choincheapa anois agus tá ionadaíocht á dhéanamh ar an IAA ag leibhéal an bhoird stiúradh agus ag leibhéal an bhoird theicniúil.

### Maoirseacht an IAA

Tá Stáit chonartha uile na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) faoi réir monatóireachta leanúnaí ICAO maidir le cur chun feidhme éifeachtacha chaighdeáin agus cleachtais mholta ICAO sa Stát. Is é an IAA an t-údarás ainmnithe sa Stát maidir le caighdeáin agus cleachtais mholta ICAO a chur chun feidhme. Léiríonn ICAO torthaí a monatóireachta mar chéatadán maidir le cur chun feidhme éifeachtach agus seasann 100% do chur chun feidhme iomlán. Chuige sin, tá Éire ag feidhmiú go sármhaith i gcónaí agus tá scór ICAO 95.06% bainte amach aici faoi láthair. Cuireann sé sin sa dara áit san Eoraip sinn agus sa 7ú áit ar domhan.

### Comparáid le Mór-Stáit ar fud an Domhain

|                     |               |
|---------------------|---------------|
| AEA                 | 98.91%        |
| An Fhrainc          | 96.00%        |
| Ceanada             | 95.10%        |
| <b>Éire</b>         | <b>95.06%</b> |
| An Astráil          | 95.02%        |
| An Ríocht Aontaithe | 93.65%        |
| An Fhionlainn       | 93.34%        |
| An Ostair           | 92.57%        |
| SAM                 | 92.17%        |
| An Eilvéis          | 90.97%        |
| Meán AE             | 82.99%        |
| Meán domhanda       | 67.55%        |

Chomh maith leis sin, tagann an IAA faoi réir imscrúdaithe caighdeánaithe EASA a ndéanann EASA a dheimhniú go bhfuil ceanglais EASA le haghaidh údarás á gcomhlíonadh go hiomlán an IAA lena linn. I rith na n-imscrúdaithe seo, déanann EASA iniúchtaí ar an láthair ar shaoráidí, pearsanra, nósanna imeachta agus taifid maoirseachta an IAA. Mar chuid den imscrúdú, tugann EASA cuairt ar eagraíochtaí rialaithe chun éifeachtúlacht gníomhaíochtaí maoirseachta agus iniúchóireachta EASA a dheimhniú.

Tá ceithre iniúchadh EASA beartaithe do 2019, lena n-áirítear seirbhísí aerloingseoireachta, oibríochtaí eitilte, cúrsaí aeraileighis agus córais bhainistíochta.

### Maoirseacht Slándála

Ina cháil mar Údarás Iomchuí in Éirinn chun críocha Rialachán CE 300/2008 (Rialacha comhchoiteanna i réimse slándála na heitlíochta sibhialta) tá an IAA freagrach as a chinntiú go gcuirfidh oibreoirí aerfoirt, aeriompróirí agus eintiteas sé de chúram orthu slándáil daoine nach paisinéirí iad, paisinéirí, bagáiste, lasta, post, soláthairtí eitilte agus soláthairtí aerfoirt a áirithiú agus iad i limistéir shrianta slándála san aerfort nó ar bord aerárthaí. Tá údarás stáit a bhfuil ról acu i slándáil eitlíochta faoi réir monatóireachta comhlíonta freisin. Faoi láthair, tá breis agus 360 eagraíocht faoi raon feidhme an IAA maidir lena ngníomhaíochtaí slándála eitlíochta sa Stát.

Ar an iomlán, tá cúrsaí comhlíonta ag feabhsú agus in 2018 tugadh isteach cineál eintitis rialáilte nua – Eagraíochtaí Oilíúna um Shlándáil Eitlíochta. Tá coincheap na hEagraíochta Oilíúna um Shlándáil Eitlíochta bunaithe ar an dea-chleachtais atá i bhfeidhm cheana féin i réimsí eile den chóras rialála slándála eitlíochta agus tá sé tar éis an múnla maoirseachta a athrú ó bhonn ó theagascóir aonair go próiseas eagraíochtúil, rud a chuireann chun cinn an deis le haghaidh rialáil atá bunaithe ar fheidhmíocht, ar cuspóir rithábhachtach é sa réimse seo.

Chomh maith leis sin, réachtáil an IAA ceardlanna agus gníomhartha comhordaithe chun caighdeán um chur chun feidhme na slándála eitlíochta, go háirithe ó thaobh an dearbhaithe cáilíochta. Leanann an IAA de chomhairle theicniúil a sholáthar ag an leibhéal náisiúnta agus Eorpach agus tá sé ag díriú anois ar an gcóras um tharluithe a thuairisciú.

Tuairiscíodh 2,215 tarlú in 2018, méadú mór ón 17 tuairisciú a rinneadh dhá bhliain ó shin. Déanann an IAA, de réir bheartas na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an tuairisciú tarluithe a spreagadh go láidir chun cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta i gcomhthéacs an mheasúnaithe riosca éifeachtaigh.

### Rialú agus Soláthar Seirbhíse a Dheight

Beidh mórathrú i gceist don IAA le cinneadh an Rialtais feidhmeanna sábháilteachta agus slándála an IAA a dheight óna ghníomhaíochtaí soláthair seirbhíse. Tá struchtúir rialachais tionscadail curtha i bhfeidhm ag an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a chuimsíonn grúpa stiúrtha agus grúpaí oibre tacaíochta éagsúla. Bunaíodh foireann tionscadal inmheánach freisin chun an próiseas athraithe seo a bhainistiú. Tá dul chun cinn suntasach déanta, go mór mór i réimse na struchtúr rialachais don chomhlacht rialála nua agus an rialtóir nua a ainmniú mar 'Údarás Eitlíochta na hÉireann (an IAA)'. Tá reachtaíocht á scríobh anois chun éifeacht a thabhairt don deight laistigh den IAA agus don chumasc a tharlóidh ina dhiadh sin idir an rialtóir sábháilteachta agus an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta agus tá an 1 Eanáir 2020 ina spriocdháta achtaithe. Is amlíne uaillmhianach é sin ach tá an bhainistíocht tiomanta do chomhoibriú a dheanamh leis an Roinn agus leis an gCoimisiún um Rialáil Eitlíochta chun an tionscadal seo a thabhairt chun críche.

### Digitíú

Tá tús curtha le tionscadal um dhigitíú a fheicfidh an rialtóir sábháilteachta ag baint úsáide as teicneolaíocht nuálaíoch chun rialáil dhinimic agus éifeachtúil a chur i bhfeidhm. Meastar

go n-athróidh an tionscnamh seo, a thógfaidh dhá bhliain chun é a chur chun feidhme, an tseirbhís rialála sábháilteachta reatha ó bhonn agus go n-éascóidh sé soláthar seirbhíse 24/7 do chustaiméirí trí ghníomhaíocht ghnó a uasmhéadú laistigh den timpeallacht dhigiteach.

### Bainistiú Aerthráchta

In 2018, chuir an IAA seirbhís aerthráchta sábháilte agus éifeachtúla ar fáil tríd a stiúirthóireachtaí Oibríochta agus Teicneolaíochta. Tháinig méadú 0.4% ar líon na dtraseitiltí faoi bhealach go 345,403 gluaiseacht. Cuireadh seirbhís cumarsáide gutha ardmhínicíochta ar fáil do 505,397 eitilt ar an Atlantach Thuaidh, sin méadú 0.9% ar 2017, agus tháinig méadú 4.7% go 266,917 gluaiseacht ar an méid tráchta tráchtála ag aerfoirt an Stáit, i.e. Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne. Bhain nach mór 85% den trácht tráchtála iomlán le hAerfort Bhaile Átha Cliath, cé gur tháinig méaduith ar mhéid na tráchta tráchtála ag gach ceann de na haerfoirt. Thuairiscigh an IAA gur coimeádadh moilleanna a bhain le bainistiú na sreibe aerthráchta faoi bhealach chomh híseal agus ab fhéidir in 2018 agus nach raibh moill ar bith a bhain le bainistiú aerthráchta i gceist lenár n-oibríochtaí críochfoirt. Bhí na staitisticí maidir le cloí le slótáin ama ag Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne i bhfad níos airde ná meánleibhéil na hEorpa. Tá ár dtáillí do chustaiméirí faoi bhealach fós ar ceann de na táillí is ísle san Eoraip. Is cúis áthais dom a thuairisciú gur éirigh leis an IAA a spriocanna acmhainne, comhshaoil agus éifeachtúlachta ó thaobh costais de chuid an Aerspáis Eorpach Aonair a bhaint amach.

Ag an IAA, i gcomhar lenár bhfoireann, táimid i gcónaí ag breathnú ar bhealaí chun feabhas a chur ar ár seirbhís um bainistiú aerthráchta agus in 2018, d'fhorbraíomar roinnt tionscnamh.

Inár n-oibríochtaí faoi bhealach, rinneamar ár roghanna earnáilithe san aerspás uachtarach a fheabhsú chun bainistíocht fheabhsaithe aerthráchta a éascú.

Ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, leanaimid orainn d'fheabhsuithe

ar oibríochtaí rúdbhealaigh ard-déine a chur i bhfeidhm agus le cúig bliana anuas, tá na feabhsuithe sin tar éis acmhainn rúdbhealaigh a mhéadú ó 45 gluaiseacht go 49 gluaiseacht san uair. Tá sé beartaithe idirlinnte imeachta laghdaithe agus nós imeachta maidir le rúdbhealaigh laghdaithe a chur i bhfeidhm in 2019, tionscnaimh a d'fhéadfadh méadú in acmhainn rúdbhealaigh a éascú go 50+ gluaiseacht san uair, rud a dhéanfaidh moilleanna ag an aerfort a laghdú de bharr infreastructúir ar an talamh.

Seolfar **Aireon Alert** go hoifigiúil i mí Aibreán 2019. Is seirbhís rianaithe domhanda práinnfhreagartha saor in aisce um aerárthaigh a aimsiú é Alert, arna comhfheidhmiú ag an IAA agus Aireon. Agus í ag feidhmiú ar bhonn 24/7/365, tabharfaidh an tseirbhís seo an suíomh deireanach áirthaigh arb eol (ag glacadh leis go raibh sé ag craoladh ar 1090 MHz ADS-B) do pháirtithe leasmhara réamhchláraithe lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta, oibrítheoirí aerárthach, rialtóirí agus eagraíochtaí cuardaigh agus tarrthála. Oibreofar an tseirbhís ó shaoráid cumarsáide gutha an IAA i mBaile Uí Gheirín, Contae an Chláir.

Tá an t-úir rialaithe aerthráchta nua ag Aerfort Bhaile Átha Cliath á thógáil mar a bhí beartaithe. Agus é 86.9 méadar ar airde, is struchtúr iontach aitheanta é a dhéanfaidh freastal ar ár gcustaiméirí aerlíne agus a bpaisinéirí sa 30 bliain atá amach romhainn. Cuirfear an chéim tógála, atá in am agus de réir sonraíochtaí agus buiséid go dtí seo, i gcrích i mí Aibreán 2019. Ansin, caithfidh ár bhfoirne teicneolaíochta agus oibríochta bliain eile a chur isteach ag tástáil trealaimh, ag athdhearadh an aerspáis a dhéanann freastal ar Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag cur oiliúna ar ár rialtóirí agus innealtóirí aerthráchta. Beidh an t-úir réidh le haghaidh oibríochtaí rúdbhealaigh aonair in 2020. Tá oibríochtaí rúdbhealaigh comhthreomhar beartaithe le haghaidh 2021 nuair a chuirfidh Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath an rúdbhealach comhthreomhar ó thuaidh i bhfeidhm.

Lonnaithe ag an Ionad Sheirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh i mBaile Uí Gheirín, tá bunú an **Ionaid Oibríochta um Theaghasaigh Faoi**

**Bhealach** (CEROC) á chur i gcrích ag an IAA. Is ionad den saghas céanna agus an t-ionad rialaithe de limistéar Shionnainn é agus beidh sé ar fáil d'Oibríochtaí i mí an Mheithimh 2019 agus in ann seirbhís rialaithe aerthráchta teagmhasaigh a chur ar fáil le fógra ceithre uair am chloig má tharlaíonn sé nach féidir ionad Shionnainn a úsáid.

Ár gcóras bainistíochta aerthráchta, **COOPANS**, a oibrímid i gcomhar leis na soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta sa Danmhairg, sa tSualainn, san Ostair agus sa Chróit, bhain sé amach cloch mhíle an-suntasach in 2018 nuair a tháinig NAV Portugal chun a bheith ina comhalta is déanaí den chomhaontas COOPANS. Aithnítear an córas bainistíochta aerthráchta COOPANS mar chóras den scoth agus déantar é a uasghrádú go leanúnach chun an fheidhmiúlacht is déanaí a chuimsiú.

Ar an drochuair, i dtreo dheireadh 2018, tharla dhá bhriseadh ghearra córais, an chéad uair a bhí briseadh ann le roinnt blianta anuas. Íoslaghdaíodh moilleanna dár gcustaiméirí ós rud é go bhfuil córais, pleananna agus nósanna imeachta cúltaca agus teagmhasaigh ag an IAA a cuireadh i bhfeidhm ar bhealach sábháilte. Tá próiseas láidir imscrúdaithe i bhfeidhm ag an IAA freisin agus tá ceachtanna foghlamtha curtha i bhfeidhm cheana féin, rud a chuireann feabhas breise ar ár bpróisis agus nósanna imeachta oibríochta agus teagmhasaigh.

D'ainneoin na n-imeachtaí seo, agus a bhuí le pleananna teagmhasaigh an IAA, bhí líon na moilleanna in aerspás na hÉireann in 2018 i measc na gcinn is ísle san AE arís.

Ag féachaint amach romhainn, tá an comhaontas COOPANS ag pleanáil cheana féin chun córas nua a chur in ionad na comhpháirte próiseála sonraí eitile in COOPANS. Déanfaidh córas nua sainorduithe Eorpacha a chomhlíonadh, buntáistí teicneolaíochtaí bogearraí atá ag teacht chun cinn a shaothrú agus naisc COOPANS lenár gcomhpháirtithe a neartú.

Le linn na bliana, chuir an IAA roinnt tionscadal teicneolaíochta suntasacha eile chun cinn, lena n-áirítear:

- Radar nua i mBaile Átha Cliath chun teacht in áit radar seanchaite agus chun ár seirbhís aerthráchta dár gcustaiméirí aerlíne a fheabhsú
- Stráicí eitilte leictreonacha a thabhairt isteach in Aerfort Bhaile Átha Cliath chun sábháilteacht agus acmhainn a fheabhsú
- Trialacha de chinnteoireacht chomhoibrítheach aerfoirt (A-CDM) a thabhairt isteach i gcomhar le hÚdarás Aerfort Bhaile Átha Cliath (ceannaire an tionscadail), ár gcustaiméirí aerlíne, láimhseálaithe ar an talamh agus EUROCONTROL

chun sábháilteacht agus acmhainn a fheabhsú


- Cumhdach feabhsaithe radar agus cumarsáide ar na bealaí aigéin ó dheisceart na hÉireann go tuaisceart na Spáinne (Bealaí Tango) chun seachadadh seirbhíse a uasmhéadú agus costais a laghdú le haghaidh ár gcustaiméirí aerlíne
- ADS-B spásbhunaithe a thabhairt isteach is aerspás faoi bhealaigh chun athléimneacht agus seachadadh seirbhíse a fheabhsú.

Tá an IAA tiomanta dá chlár infheistíochta caipitil chun feabhsuithe sábháilteachta leanúnacha agus acmhainn méadaithe a sholáthar, agus a áit mar cheann de na soláthraithe seirbhíse is saoire sa Eoraip á coinneáil ag an am céanna.

### Feidhmíocht

Bhain an IAA an scór is airde amach – 77.05% – i CANSO/EUROCONTROL 2018, an slat tomhais ar chaighdeán feabhais na gcóras bainistíochta sábháilteachta (CBS). Chumhdaigh an raon tomhais 17 réimse measúnaithe sábháilteachta agus cuireadh na freagraí ar fad faoi réir cleachtaidh maolaithe agus bailíochtaithe arna ndéanamh ag EUROCONTROL. Ar an iomlán, ghlac 30 soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta Eorpacha agus Idirnáisiúnta páirt ann.

**CANSO/EUROCONTROL 2018** Scór agus Leibhéal Aibíochta CBS



## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

Sa tomhas EASA is déanaí atá ar fáil maidir le héifeachtúlacht na bainistíochta sábháilteachta (EoS), nuair a féachadh ar shonraí 2017, measúnaíodh go raibh leibhéal aibíochta sábháilteachta 91% ag an IAA, scór a bhí an-mhaith i gcomparáid leis an meánscór 82% ar fud 31 soláthraithe seirbhíse aerloingseoireachta san Eoraip. Leis sin, fanann feidhmíocht an IAA sa leibhéal is airde. Tá an próiseas EASA bunaithe ar mhodheolaíocht CANSO um Chaighdeán Feabhais.

Níos luath sa bhliain, thugamar isteach sraith nua straitéise imscrúdaithe teagmhas um bainistíochta aerthráchta, TOKAI, agus rinneamar é a chomhtháthú lenár gcóras éirim gnó féin. Tá monatóireacht feidhmíochta sábháilteachta feabhsaithe tar éis teacht as sin agus éascaíonn sé feidhmiú comhchuibhithe de rialacháin sábháilteachta AE agus domhanda. Táthar tar éis comhtháthú rathúil TOKAI a bhailíochtú mar shampla de dhea-chleachtas soláthraí seirbhíse aerloingseoireachta domhanda, de réir mhéadrach aibíochta sábháilteachta CANSO um Chaighdeán Feabhais.

### Cúram do Chustaiméirí

Léirítear rátáil sásaimh chustaiméirí 92.3% inár suirbhé neamhspleách ar shásamh custaiméirí le haghaidh 2018, bunaithe ar aiseolas ó 34 custaiméir a chumhdaíonn 90% dár láimhdeachas ó aerthrácht iomlán. Iarradh ar chustaiméirí an IAA a rátáil ó thaobh sábháilteachta, luach ar airgead, soláthair seirbhíse, nuálaíochta agus seirbhíse do chustaiméirí. Cé go n-aithnímid gur iontach an toradh é sin, leanfaimid ag obair lenár gcustaiméirí aerlíne chun ár seirbhísí foriomlána a fheabhsú.

### Comhaontais agus Comhpháirtíochtaí


San IAA, táimid ag leanúint de gach deis a thagann as ár gcomhaontais agus comhpháirtíochtaí éagsúla a thapú. Táimid chun tosaigh sa Eoraip ó thaobh an chomhoibríthe teicniúil de bharr ár róil sa chomhaontas COOPANS agus ár gcomhpháirtíocht le soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta sa tSualainn, sa Danmhairg, san Ostair, sa Chróit, agus sa Phortaingéil. Tá an Comhaontas COOPANS ina chomhalta freisin den Chomhghnóthas SESAR (taighde um bainistíocht aerthráchta maidir leis an Aerspás Eorpach Aonair) agus an

Bainisteoir Imlonnaithe SESAR. Tá sé d'aídhm ag SESAR feabhas a chur ar bhainistíocht na feidhmíochta aerthráchta trí córais bhainistíochta aerthráchta a nuachóiriú agus a chomhtháthú. Féachann an Bainisteoir Imlonnaithe chun tionscadail cur chun feidhme agus na hinfeistíochtaí gaolmhara a chomhordú.

Mar gheallshealbhóir 4.389% in Aireon Holdings LLC, tá an Grúpa IAA ina chuid de thionscnamh iontach ina gcuirfidh Aireon an chéad chóras faireacháin aerthráchta domhanda a úsáideann ADS-B (craolachán faireacháin uathoibríoch neamhspleách) ar fáil go luath. Athróidh an tionscadal seo cumais bhainistíochta aerthráchta ó bhonn trí faireachas agus rianú aerthráchta fórama a sholáthar do sholáthraithe seirbhíse aerloingseoireachta agus páirtithe leasmhara eitleíochta. Táthar ag súil go dtosóidh tástálacha ar an teicneolaíocht nua seo ar an Atlantach Thuaidh in 2019.

Is úinéir é an IAA ar aon trian de Entry Point North, príomhsholáthraí de réitigh oiliúna bainistíochta aerthráchta.

### Scór agus Leibhéal EASA EoS



Táimid ar ceann de naoi soláthraí seirbhíse aerthráchta sa chomhaontas Borealis. Tá na comhaontas seo ag obair chun aerspás bealaigh saor a sholáthar do bhreis agus aon trian de ghréasán aerthráchta na hEorpa.

Leanaimid orainn ag obair leis an Ríocht Aontaithe, ár gcomhpháirtí FAB (bloc feidhme aerspáis), chun réitigh éifeachtacha bainistíochta aerthráchta a sholáthar d'ár gcustaiméirí aerlíne. Déanfar géarmhonatóiriú ar stádas FAB i ndiaidh Brexit.

### Athbhreithniú Airgeadais

Bliain an-láidir eile a bhí in 2018 ó thaobh feidhmíochta airgeadais de. Is iad seo a leanas na buaicphointí airgeadais le dhá bhliain anuas:

|   | 2018<br>'000s         | 2017<br>'000s  |
|---|-----------------------|----------------|
| <b>Gníomhaíocht tráchta</b>                         |                       |                |
| Aonaid seirbhíse faoi bhealaigh                     | <b>4,550</b><br>+1.9% | 4,465<br>-0.1% |
| Aonaid seirbhíse críochfoirt                        | <b>183</b><br>+6.4%   | 172<br>+5.1%   |
| Eitiltí Sheirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh | <b>505</b><br>+0.9%   | 501<br>+5.0%   |
| <b>Brabús agus Clár Comhardaithe</b>                |                       |                |
| Láimhdeachas  | <b>198.9</b>          | 193.4          |
| Brabús Oibriúcháin                                  | <b>31.6</b>           | 33.5           |
| Corrlach oibriúcháin                                | <b>15.9%</b>          | 17.3%          |
| Brabús roimh cáin                                   | <b>37.8</b>           | 31.1           |
| Brabús i ndiaidh cánach                             | <b>31.3</b>           | 26.3           |
| Díbhinní íochta                                     | <b>19.5</b>           | 9.2            |
| Cistí scairshealbhóirí                              | <b>236.4</b>          | 212.0          |

### Láimhdeachas

In 2018, tháinig méadú 2.8% ar láimhdeachas go €198.9 milliún. Baineann nach mór 87% den láimhdeachas seo le seirbhísí bainistíochta aerthráchta a sholáthar in aerspás atá faoi rialú na hÉireann. Déantar rialú airgeadais ar 75% den láimhdeachas iomlán trí scéimeanna muirearaithe agus feidhmíochta Aerspás Eorpach Aonair de chuid an AE. Soláthraítear seirbhísí aerthráchta i 451,000 ciliméadar cearnach den aerspás atá faoi rialú na hÉireann.

Tháinig méadú 2.1% go €122.7 milliún ar láimhdeachas faoi bhealaigh a chuimsíonn seirbhísí aerthráchta a sholáthraítear d'aerárthaigh nach dtuirlingíonn in Éirinn. Bainistíonn IAA nach mór 90% den aerthrácht idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Eoraip agus tá sé ar ceann de na soláthraithe seirbhíse is éifeachtaí ó thaobh costais de i gcónaí maidir leis na muirir a ghearrann sé ar chustaiméirí faoi bhealaigh.

Tháinig méadú 2.4% ar láimhdeachas críochfoirt go €25.7 milliún, rud a chuimsíonn na seirbhísí ascnaimh, tuirlingte agus éirithe de thalamh a cuireadh ar fáil do aerárthaigh ag aerfoirt an Stáit, i.e. Aerfort Chorcaí, Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort na Sionainne. Is ag Aerfort Bhaile Átha Cliatha a ghintear 85% d'ioncam críochfoirt.

Cuireann IAA seirbhís cumarsáide gutha ardmhíochta ar fáil ar an Atlantach Thuaidh, rud a ghin ioncam €22.5 milliún in 2018, méadú €0.7% ar 2017. Cuireadh seirbhís cumarsáide gutha ardmhíochta ar fáil do bhreis agus 505,000 eitilt sa bhliain. Ba é an 22 Bealtaine an lá ba ghnóthaí sa bhliain le 1,773 eitilt.

B'ionann an láimhdeachas rialála sábháilteachta agus €21.9 milliún, méadú 9.1% ar an mbliain roimhe sin, agus cuimsítear ann ioncam ó dheimhnithe d'aerárthaigh maidir le aeracmhainneacht, cláraithe aerárthach, ceadúnú, ceaduithe oibrítheoirí, táillí agus bailíochtaíthe aeradróim. Ag deireadh na bliana, bhí 1,433 aerárthach ar chlár na n-aerárthach agus 13,778 ceadúnas bailí eisithe do phíolótaí, innealtóirí, rialtóirí aerthráchta agus oifigigh raidió. Gearrtaí táillí maidir le rialú sábháilteachta de réir Ordú Táillí Údarás Eitlíochta na hÉireann, a bhaineann éifeacht leis ón 1 Eanáir 2016 ar aghaidh.

B'ionann an láimhdeachas tráchtála agus €4.9 milliún, agus tháinig €3.4 milliún den mhéid sin ó ioncam seirbhísí oiliúna a gearradh ar Entry Point North Ireland DAC.

## Athbheithniú an Phríomhfheidhmeannaigh (ar lean)

### Láimhdeachas



- 62% Faoi bhealach
- 13% Críochfort
- 11% Seirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh
- 11% Rialachán Sábháilteachta
- 1% Diolmhaithe
- 2% Tráchtáil

### Costas Oibriúcháin

Tháinig méadú 4.7% go €167.4 milliún ar chostais oibriúcháin in 2018. Baineann nach mór 56% den mhéadú sin le méaduithe i gcostais párolla. Tháinig méadú ar líon na bhfostaithe ó 666 in 2017 go 685 in 2018, agus méadú 1.8% ar mheánchostais párolla. Bhí na méaduithe pá ag teacht le comhaontú comhchoiteann cúig bliana a rinneadh le hionadaithe foirne maidir leis an tréimhse 2015 go 2019. Mar chéatadán den láimhdeachas, 84.1% a bhain le costais oibriúcháin in 2018 i gcomparáid le 82.7% in 2017.

### Brabús Oibriúcháin

Rinne an Grúpa brabús oibriúcháin €31.6 milliún in 2018. Is laghdú 5.9% é sin i gcomparáid le 2017, de bharr méadaithe i gcostais oibriúcháin.

### Ioncam Eile

I ndiadh do NATS (soláthraí seirbhíse aerthráchta de chuid na Ríochta Aontaithe) sciar de Aireon LLC a cheannach, rinneadh infheistíocht an Ghrúpa in Aireon a athluacháil in airde. Tharla gnóthachan luacha cóir €5.6 milliún dá bharr sin.

### Cánachas

Ba é 17.1% ráta cánach éifeachtach an Ghrúpa in 2018 i gcomparáid le 15.6% in 2017.

### Clár Comhardaithe

Tháinig méadú €24.4 milliún ar ghlansócmhainní €236.4 milliún na bliana roimhe sin. Tháinig méadú €21.6 milliún ar shócmhainní seasta inláimhsithe go €98.8 milliún, méadú atá inchurtha don chuid is mó i leith an túir rialaithe amhairc nua a thógtar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tháinig méadú €7.8 milliún go €31.5 milliún ar shócmhainní airgeadais seasta, méadú atá inchurtha don chuid is mó i leith méadú i luacháil infheistíocht an Ghrúpa in Aireon LLC. Tháinig feabhas €10.4 milliún go €76.9 milliún, roimh cánach iarchurtha, ar oibleagáidí sochair scoir, rud atá inchurtha go príomha i leith méadaithe sa ráta lascaire ó 2.1% go 2.2%.

### Díbhinn

Ar aon dul le beartas díbhinne an IAA 30% de bhrabús na cuideachta i ndiadh cánach a íoc i ndíbhinní, tá an Bord tar éis díbhinn €7.5 milliún a cheadú i leith 2018. Chomh maith leis sin, agus chun aitheantas a thabhairt d'fheidhmíocht láidir airgeadais na Cuideachta i rith na bliana agus neart a staid leachtacha, tá an Bord tar éis comhaontú a dhéanamh díbhinn speisialta €12.0 milliún a íoc don gheallshealbhóir. Tugann sé sin an díbhinn iníoctha iomlán go €19.5 milliún.

### Acmhainní Daonna

Bhí barrachas i gceist leis an Togra Maoiniúcháin maidir leis an príomhphlean um pinsin sochair sainithe, arna chur chun feidhme in 2011, nuair a tháinig deireadh leis ar an 31 Nollaig 2018. Ní shásaíonn an plean pinsin áfach, an Cúlchiste don Riosca um an Caighdeán Maoiniúcháin a tháinig in éifeacht ar an 1 Eanáir 2019. Chun easnamh an chúlchiste don riosca a chúiteamh, beidh gá le togra maoiniúcháin nua a mheastar a mhairfidh go dtí 31 Nollaig 2024. Tabharfaidh an togra

maoiniúcháin aghaidh freisin ar chinneadh na n-lontaobhaithe chun riosca a bhaint tuilleadh ón bplean pinsin. Leanann an plean pinsin hibrídeach de cheanglais chaighdeánacha íosta maidir le maoiniúcháin a chomhlíonadh i gcónaí.

Tá an IAA ag infheistiú i gcónaí i bhfolláine ár bhfostaithe. Le linn na bliana, bronnadh marc creidiúnaithe KeepWell ó IBEC ar ár gclár folláine fostaithe. Is creidiúnú bunaithe ar fhianaise é an gradam sin, a aithníonn tiomantas an IAA d'fholláine ár bhfostaithe a chosaint. Is é an IAA an chéad chomhlacht tráchtála leath-Stáit chun an creidiúnú sin a bhaint amach.

Bhain an IAA Ard-Ghradam amach ag Gradaim Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteachta na hÉireann 2018. Is í seo an tríú bliain as a chéile a fuair an IAA aitheantas as a chur chuige dea-chleachtais maidir le sláinte agus sábháilteachta ceirde a bhainistiú.

Tharla earcaíocht shuntasach in 2018 nuair a reáchtáladh 49 comórtas ar an iomlán. Is soiléir an difríocht a rinne an méadú foirne i réimse na haerthráchta, réimse na hinnealtóireachta agus réimse an rialaithe sábháilteachta. Tá 702 fostaí ag an IAA anois, suas ó 662 ag tús na bliana 2018. Tá tuilleadh méaduithe beartaithe le linn 2019 agus 2020.

Tá pobail ghnó ag croí lár ár straitéis Acmhainní Daonna i gcónaí agus leanann ár nósanna imeachta láidre um chaidrimh tionscail inmheánacha dá chinntiú do ndéantar cúrsaí caidrimh tionscail a bhainistiú ar bhealach a chosnaíonn leanúnachas seirbhísí dár gcustaiméirí. Déantar foráil inár gComhaontú Comhchoiteann um Oibreachas (2015-2019) leis na Ceardchumainn go reáchtáiltear cruinnithe comhairliúcháin ar bhonn rialta idir an bhainistíocht agus lucht ceardchumainn. Leis an gcomhaontú comhchoiteann freisin, tugadh isteach an Bord maidir le Díospóidí Inmheánacha a Réiteach chun díospóidí comhchoiteanna a bhainistiú. Tá tuairim dearfach á

léiriú ag comhpháirtithe sóisialta laistigh den tionscail ar fud na hEorpa maidir leis an cur chuige malartach seo i leith díospóidí a réiteach.

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Tá ról lárnach ag an IAA maidir leis an eitlíocht a chur chun cinn agus a fhorbairt in Éirinn. Le linn na bliana, ghlac an IAA páirt i gclár forbartha luathaithe ar a dtugtar an tionscadal Propeller. Tugann an tionscadal seo tacaíocht d'fhiontair bheaga a bhaineann leis an eitlíocht trí mheantóireacht, cóiríocht agus deontais mhaoiniúcháin a chur ar fáil dóibh. Feidhmíonn an IAA mar urraitheoir agus mar mheantóir don chlár seo.

In 2018, rinneamar urraíocht ar Thaispeántas Aeir Bhré agus do Thaispeántas Aeir Fhainge ar a bhfreastail 170,000 duine ar an iomlán; ar an sárthaispeántas *"The Wings of Ireland"* ar bhí ar siúl i Músaem Beag Bhaile Átha Cliath; agus ar bhál céiliúrtha bliantúil na heitlíochta a bhailigh airgead le haghaidh Fhondúireacht Eitiltí Stairiúla na hÉireann.

### Buíochas


Bhí ríméad orm nuair a ceapadh mar Phríomhfheidhmeannach mé mí an Mheithimh seo caite. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil dár gCathaoirleach, Michael McGrail, do mo chomhchomhaltaí boird, Graham Doyle, Ard-Rúnaí, agus Fintan Towey, Rúnaí Cúnta, agus a bhfoireann sa Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt as a gcuid tacaíochta agus cúnamh i rith na bliana.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom an obair iontach a dhéanann ár mbainistíocht agus foireann dhíograiseach dhícheallach a léiríonn príomhluachanna na cuideachta seo i gcónaí, is iad sin an tsábháilteacht, meanma foirne agus an nuálaíocht. Tá ár bhfoireann ina bhonn taca i gcónaí don seirbhís shábháilte agus ardchaighdeán a chuirimid ar fáil. Ba mhaith liom an deis seo a thapú aitheantas a thabhairt ar obair agus

dúthracht iontach fhoireann uile an IAA, ní amháin in 2018 ach i rith blianta fada na seirbhíse d'earnáil na heitlíochta. Déanaimid gach iarracht an sármhaitheas a bhaint amach i ngach a dhéanaimid ach go praiticiúil, ní féidir an sármhaitheas a bhaint amach ach trí shaineolas ár bhfoirne agus an mórtas a léiríonn siad i mbun a gcuid oibre ó lá go lá.

Is dual do thionscal na heitlíochta a bheith ceannródaíoch agus tá meas mór ag an IAA ar chultúir na nuálaíochta seo agus déanann sé é a spreagadh agus a chothú i measc na foirne.

Táim ag súil go mór le bheith ag obair libh go léir in 2019 agus aghaidh a thabhairt ar na dúshlán go léir atá romhainn.



**Peter Kearney**  
Príomhfheidhmeannach

“Mar Bhainisteoir Stáisiún i mBaile Átha Cliath, déanaim maoirsiú ar oibríochtaí laethúla lena n-áirítear bainistíocht foirne/earnála, roghnú rúidbhealaigh, fadhbanna a d’fhéadfadh teacht chun cinn de bharr drochaimsire agus tarluithe eile a d’fhéadfadh cur isteach ar éifeachtúlacht sábháilteachta nó oibriúcháin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.”

Thosaigh sí leis an IAA in 2001





## Stiúrthóirí agus faisnéis eile

### Stiúrthóirí

An tUasal Michael McGrail  
*(Cathaoirleach)*  
An tUasal Peter Kearney  
*(Príomhfheidhmeannach)*  
An tUasal Cian Blackwell  
Marie Bradley, Uasal  
An tUasal Ernie Donnelly  
An tUasal Gerry Lumsden  
Joan McGrath, Uasal  
An tUasal Michael Norton  
Eimer O'Rourke, Uasal

### Rúnaí

Aideen Gahan, Uasal

### Oifig chláráithe

Foirgneamh Times  
11-12 Sráid D'Olier  
Baile Átha Cliath 2  
Teil: +353 1 671 8655  
Facs: +353 1 679 2934  
Suíomh gréasáin: www.iaa.ie

### Iníúchóir

KPMG, Cuntasóirí Cairte  
1 Plás an Stócaigh  
Faiche Stiabhna  
Baile Átha Cliath 2

### Baincéirí

Bainc-Aontas Éireann cpt  
40/41 Sráid Westmoreland  
Baile Átha Cliath 2

### Uimhir chláráithe

211082

### An Bhainistíocht Shinsearach

Peter Kearney,  
*Príomhfheidhmeannach*  
Paul Brandon  
*Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha*  
Anthony Eiffe  
*Iníúchadh Inmheánach*  
Aideen Gahan  
*Rúnaí na Cuideachta*  
Billy Hann  
*Stiúrthóir Oibriúcháin agus Straitéis um Bainistíocht Aerthráchta*  
Maeve Hogan  
*Stiúrthóir Airgeadais*  
Philip Hughes  
*Stiúrthóir Tráchtála, Teicneolaíochta agus Oilíúna*  
Ralph James  
*Stiúrthóir um Athchóiriú Institiúideach*  
Brendan Mulligan  
*Stiúrthóir Acmhainní Daonna*  
Maurice O'Connor  
*Stiúrthóir Gníomhach um Rialú Sábháilteachta agus Slándála*

## Freastal ar Chruinnithe Boird agus Coiste 2018

| STIÚRTHÓIR   | Cruinnithe Boird ar a bhfreastalaíodh | Líon uasta na gCruinnithe Boird ar a bhféadfadh an Stiúrthóir freastal | Cruinnithe coistí ar freastalaíodh orthu | Líon uasta na gCruinnithe Coiste ar a bhféadfadh an Stiúrthóir freastal |
|--|---------------------------------------|--|--|---|
| An tUasal Michael McGrail <i>Cathaoirleach</i>         | 2                                     | 3  | 1  | 1   |
| An tUasal Peter Kearney<br><i>Príomhfheidhmeannach</i> | 6                                     | 6  | -  | -   |
| An tUasal Cian Blackwell                               | -                                     | -  | -  | -   |
| Marie Bradley Uasal                                    | 11                                    | 11   | 4  | 4   |
| An tUasal Ernie Donnelly                               | 11                                    | 11   | 5  | 5   |
| An tUasal Pascal Fitzgerald                            | 6                                     | 8  | 2  | 2   |
| An tUasal Basil Geoghegan                              | 6                                     | 6  | 1  | 1   |
| An tUasal Gerry Lumsden                                | -                                     | -  | -  | -   |
| Joan McGrath Uasal                                     | -                                     | -  | -  | -   |
| Anne Nolan Uasal, <i>Iar-Chathaoirleach</i>            | 6                                     | 6  | 1  | 1   |
| An tUasal Michael Norton                               | 10                                    | 11   | 5  | 5   |
| An tUasal Geoffrey O'Byrne-White                       | 5                                     | 6  | 2  | 2   |
| Eimer O'Rourke Uasal                                   | -                                     | -  | -  | -   |



**EDWARD CARROLL** | CUNTASÓIR AIRGEADAIS, CEANNCHEATHRÚ IAA

“Taitníonn sé go mór liom ról dúshlánach fairsing a bheith agam mar chuid d’fhoireann airgeadais dhíograiseach agus ghairmiúil san IAA.”

Thosaigh sé leis an IAA in 2016



NICOLA NÍ RIADA | RIALTÓIR AERTRÁCHTA, SIONAINN

“Oibrím mar Oifigeach Rialtóra Aertráchta i Sionainn maidir le heitiltí faoi bhealaigh. Chomh maith le bheith ag obair le trácht bheo, is teagascóir ar an láthair oibre mé freisin agus aisteoir maidir le tosca a bhaineann leis an duine. Is breá liom mo phost; ní mar a chéile aon dá lá. Baineann dúshlán leis i gcónaí agus tá na comhghleacaithe is fearr ar domhain agam.”

Thosaigh sí leis an IAA in 1994

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ AGUS RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE

- 27** Tuarascáil na Stiúrthóirí
- 33** Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais
- 34** Tuarascáil an iniúcháora neamhspleách do chomhaltaí Údarás Eitlíochta na hÉireann
- 36** Cuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanais
- 37** Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile
- 38** Clár comhardaithe comhdhlúite
- 39** Clár comhardaithe na cuideachta
- 40** Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas
- 41** Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas
- 42** Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid
- 43** Nótaí atá ina gcuid de na ráitis airgeadais

## Tuarascáil na Stiúrthóirí

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil mar aon le ráitis airgeadais iniúchta chomhdhlúite agus cuideachta de chuid Údarás Eitlíochta na hÉireann (“an IAA” “an Cuideachta”) agus a foghnóthas (tugtar “an Grúpa” ar an gCuideachta agus an foghnóthas le chéile) i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018.

### Príomhghníomhaíochtaí, rioscaí agus neamhchinnteachtaí, torthaí airgeadais agus díbhinní

Tá an IAA tiomanta do sheirbhísí aerloingseoireachta agus rialála atá sábháilte, éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh chostas de agus a chomhlíonann riachtanais a chustaiméirí a sholáthar ar bhonn tráchtála fóna. Áirítear i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh an fhaisnéis a éilítear faoi Alt 327 d’Acht na gCuideachtaí 2014, i.e. Athbhreithniú ar ghnó na Cuideachta.

Tá sonraí faoi thorthaí airgeadais an IAA don bhliain leagtha amach sa chuntas brabúis agus cailtleanais ar leathanach 36 agus sna nótaí gaolmhara. Mar a thuairiscítear ansin, bhain sé amach brabús €31.3 milliún don bhliain airgeadais (2017: €26.3 milliún) ar láimhdeachas €198.9 milliún (2017: €193.4 milliún). Le linn na bliana, d’fhógair an IAA díbhinn deiridh €19.5 milliún (€1.09 in aghaidh an scair) don bhliain fhioscach 2017 (2017: €9.2 milliún (€0.52 an scair)). Áirítear leis seo díbhinn speisialta €12.0 milliún (€0.67 an scair) (2017: €Nil).

Agus faireachán á dhéanamh acu ar fheidhmíocht an IAA, tá aird ag na stiúrthóirí agus ag an lucht bainistíochta ar raon príomhtháscairí feidhmíochta, mar atá leagtha amach i Ráiteas an Chathaoirligh agus in Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Is iad seo a leanas na táscairí is suntasaí díobh:

### Príomhtháscairí Feidhmíochta

|   | Grúpa agus Cuideachta |           |
|---|-----------------------|-----------|
|   | 2018 Líon             | 2017 Líon |
| Traseiltí faoi bhealaigh                            | 345,403               | 343,977   |
| Trácht Críochfoirt Tráchtála                        | 266,917               | 255,019   |
| Eitiltí Sheirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh | 505,397               | 500,684   |

Tá fíis an IAA bunaithe ar shé phríomhréimse toraidh – rialáil sábháilteachta, sábháilteacht bainistíochta aerthráchta, slándáil, sármhaitheas seirbhíse, airgeadas agus caidreamh le páirtithe leasmhara agus custaiméirí – agus brúnn na réimsí seo cuspóirí an IAA chun cinn ina obair laethúil. I measc na bpríomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá ag bagairt ar fhorbairt an IAA amach anseo, tá:

- caighdeán sábháilteachta a choinneáil ar bun agus a fheabhsú
- rialacháin Eorpacha a chomhlíonadh agus ardchaighdeán seirbhíse a choinneáil ar bun ag an am céanna
- na feidhmeanna rialála slándála agus na feidhmeanna soláthair seirbhíse a dheighilt
- drochdhálaí geilleagracha agus margaidh
- tionchar Brexit ar chúrsaí rialála agus ar an Aerspás Eorpach Aonair
- mórspleáchas an IAA ar a bhonneagar teicneolaíochta agus cumarsáide.

Tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus le rioscaí eile atá os comhair an IAA. Sa chuid sin den tuarascáil seo a bhaineann le rialachas corparáideach, ar leathanaigh 27-31, leagtar amach beartais agus cuir chuige an IAA i leith rioscaí, mar aon le nósanna imeachta agus freagrachtaí gaolmhara a bhaineann le rialú inmheánach.

### Stiúrthóirí

Tá ainmneacha na stiúrthóirí leagtha amach ar leathanach 23. Ach amháin sna cásanna a leagtar amach thíos, rinne gach duine acu bliain iomlán ar an mBord. Ceapadh Michael McGrail don bhord, mar Chathaoirleach, ar an 4 Meán Fómhair 2018. Ceapadh Peter Kearney don bhord ar an 25 Meitheamh 2018. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Marie Bradley agus athcheapadh í don bhord ar an 25 Meitheamh 2018. Ceapadh Cian Blackwell, Gerry Lumsden, Joan McGrath agus Eimer O’Rourke don bhord ar an 4 Nollaig 2018. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Anne Nolan ar an 12 Meitheamh 2018. D’éirigh Basil Geoghegan ar an 14 Meitheamh 2018. Tháinig deireadh le tréimhse oifige Pascal Fitzgerald ar an 31 Iúil 2018. Fuair Geoffrey O’Byrne-White bás ar an 11 Meitheamh 2018.

### Leasanna na stiúrthóirí agus an rúnaí

Ag tús na bliana, ní raibh leasanna ar bith i scaireanna an IAA ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2018 nó ar dháta a gceapachán (mas déanaí é), nó ag deireadh na bliana. Is é an tAire Iompair, Turasoireachta agus Spóirt a cheapann stiúrthóirí an IAA agus fanann siad in oifig ar feadh cibé tréimhse a shonraíonn an tAire agus an ceapachán a dhéanamh aige. Fanann siad in oifig ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre bliana, ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tAire iad a athcheapadh ina dhiaidh sin.

### Rialachas Corparáideach

Tá na stiúrthóirí tiomanta do na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a choinneáil. Maidir leis an mbliain ata faoi athbhreithniú, rinne an IAA, an Cód Cleachtas chun Comhlachtaí Stáit a Rialú arna eisiúint i mí Lúnasa 2016 a chomhlíonadh agus é i mbun a gculpóirí rialachais a bhaint amach. Tá bearta iomchuí curtha i bhfeidhm ag an IAA chun an Cód seo a chomhlíonadh agus déanann sé athbhreithniú leanúnach ar a bheartais agus ar a nósanna imeachta chun comhlíonadh leanúnach a chinntiú.

## Tuarascáil na Stiúrthóirí (ar lean)

Déantar cur síos sa tuarascáil seo ar an mbealach a dhéantar prionsabail ábhartha an dea-rialachais chorparáidigh mar a leagtar amach iad sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016 a chur i bhfeidhm.

### An Bord

Tá an bord freagrach as an IAA a bhainistiú i gceart. Is é a dhéanann na mórchinntí straitéiseacha agus coinníonn sé rialú iomlán agus éifeachtach. Ag an am céanna, tugann sé solúbthacht leordhóthanach don Phríomhfheidhmeannach agus dá fhoireann bhainistíochta sinsearaí chun an gnó a reáchtáil ar bhealach éifeachtúil éifeachtach laistigh de chreat láraithe tuairiscithe.

Tá naonúr stiúrthóirí ar an mbord. Is é an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a cheapann na stiúrthóirí uile. Fanann na stiúrthóirí in oifig ar feadh cibé tréimhse a shonraíonn an tAire agus an ceapachán a dhéanamh aige. Fanann siad in oifig ar feadh tréimhse nach faide ná ceithre bliana, ach amháin sa chás go ndéanfaidh an tAire iad a athcheapadh ina dhiaidh sin.

Nuair a cheaptar iad, glacann stiúrthóirí nua uile páirt i gcúrsa ionduchtaithe, áit a bhfaigheann iad

faisnéis airgeadais agus faisnéis eile maidir leis an IAA agus faoin ról atá ag an mbord agus ag coistí an bhoird. Is éard atá i gceist leis an bpróiseas seo de ghnáth ná cruinnithe leis na príomhfheidhmeannaigh shinsearacha.

Forchoimeádann an bord míreanna áirithe lena n-athbhreithniú, lena n-áirítear na míreanna seo a leanas: ceadú na ráiteas airgeadais bliantúla agus leathbhliantúla; buiséid; an plean corparáideach; cuntais bainistíochta; conarthaí suntasacha; caiteachas caipitil suntasach agus ceapachán don bhainistíocht shinsearach.

### Éifeachtúlacht an Bhoird

Stiúránn an Cathaoirleach an Bord maidir lena straitéis a chinneadh agus lena chuspóirí a bhaint amach. Cinneann an cathaoirleach clár oibre an bhoird, rud a chinntíonn a éifeachtúlacht, agus éascaíonn sé rannchuidiú éifeachtach na stiúrthóirí uile. Baintear leas as scileanna, as saineolas agus as taithí sonracha an bhoird trí na tacair scileanna sin a mheaitseáil le breithniú an bhoird ar shaincheisteanna straitéiseacha agus oibriúcháin, ionas gur féidir le comhaltaí boird aonair a n-inniúlachtaí sonracha a chur ar fáil. Déantar iad a mheaitseáil freisin le ceanglais

gach coiste boird agus úsáidtear iad chun cinneadh a dhéanamh maidir le ballraíocht na gcoistí sin.

Coinníonn an Cathaoirleach agus an lucht bainistíochta córas cumarsáide éifeachtaigh le scairshealbhóirí. Is ról ar leith iad ról an chathaoirligh agus ról an Phríomhfheidhmeannaigh agus tá siad leagtha amach i mbeartas atá faofa ag an mbord. Tá gach duine de na stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin neamhspleách ar an mbainistíocht. Is é cleachtas an bhoird teacht le chéile gan comhaltaí boird feidhmiúcháin ann. Níor tharla sé sin in 2018 de dheasca éileamh ar am an bhoird.

I rith a dtréimhse oifige, tugtar faisnéis rialta do na stiúrthóirí maidir le gach gné den ghnó. Tuairiscíonn an Príomhfheidhmeannach don bhord, thar ceann na bainistíochta, ar mhóráthruithe sa ghnó agus sa timpeallacht sheachtrach a bhfuil tionchar acu ar rioscaí suntasacha. Tugann an stiúrthóir airgeadais faisnéis airgeadais don bhord ar bhonn míosúil, lena n-áirítear anailís ar fheidhmíocht airgeadais iarbhír i gcomparáid leis an buiséad. Scaiptear tuarascálacha agus páipéir go tráthúil ar an mbord agus ar a choistí.

Reáchtáiltear cruinnithe boird ar bhonn rialta i rith na bliana. Tháinig an bord le chéile 11 uair in 2018. D'fhreastail na comhaltaí ar na cruinnithe sin mar seo a leanas:

|  | Dáta ceapacháin<br>(*nó athcheapachán) | Cruinnithe boird ar<br>a bhfreastalaíodh | Uaslíon na gcruinnithe<br>boird ar a bhféadfadh<br>an stiúrthóir freastal |
|--|--|--|---|
| Michael McGrail, <i>Cathaoirleach</i>      | 4 Meán Fómhair 2018                    | 2  | 3   |
| Anne Nolan <i>Iar-Chathaoirleach</i>       | D'imigh ar scor le linn na bliana      | 6  | 6   |
| Peter Kearney, <i>Príomhfheidhmeannach</i> | 25 Meitheamh 2018                      | 6  | 6   |
| Cian Blackwell                             | 4 Nollaig 2018                         | -  | -   |
| Marie Bradley                              | 25 Meitheamh 2018*                     | 11                                       | 11  |
| Ernie Donnelly                             | 4 Deireadh Fómhair 2016*               | 11                                       | 11  |
| Pascal Fitzgerald                          | D'imigh ar scor le linn na bliana      | 6  | 8   |
| Basil Geoghegan                            | D'éirigh as le linn na bliana          | 6  | 6   |
| Gerry Lumsden                              | 4 Nollaig 2018                         | -  | -   |
| Joan McGrath                               | 4 Nollaig 2018                         | -  | -   |
| Michael Norton                             | 6 Deireadh Fómhair 2015*               | 10                                       | 11  |
| Geoffrey O'Byrne-White                     | Éagtha                                 | 5  | 6   |
| Eimer O'Rourke                             | 4 Nollaig 2018                         | -  | -   |

Tá rochtain ag comhaltaí den bhoird ar chomhairle agus ar sheirbhísí rúnaí na cuideachta atá freagrach don bhord as a chinntiú go leantar nósanna imeachta an bhoird agus go gcloítear le rialacha agus le rialacháin is infheidhme. Tá comhairleoirí gairmiúla an IAA ar fáil chun comhairle a chur ar na stiúrthóirí de réir mar is gá. Féadfaidh stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a fháil, más gá, ar chostas an IAA.

D'fhaomh an bord cód iompair don bhord agus d'fhostaithe an IAA agus tá an cód sin ar fail ar shuíomh gréasáin na Cuideachta. Tá beartas maidir le coimhlínt leasa curtha i bhfeidhm ag an mbord agus déanann sé breithniú ar choimhlínt leasa iarmhír agus féideartha ar bhonn leanúnach.

Rinne an bord athbhreithniú deireadh bliana ar a fheidhmíocht, rud a rinne an bord a mheas i gcoinne a chuid cuspoirí straitéiseacha agus a phlean oibre bliantúil. Rinne an bord breithniú freisin ar an ngá le coistí breise a chur ar bun i réimse na sábháilteachta agus athchóirithe eagraíochtúil chun cabhrú leo lena chuid oibre. Ní dhearna an bord measúnú seachtrach ar a fheidhmíocht.

Úsáideann an bord ceithre choiste chun cabhrú lena fhreagrachtaí a chomhlíonadh ar bhealach éifeachtach. Is iad sin:

- 1 An coiste iniúchóireachta agus riosca
- 2 An coiste airgeadais
- 3 An coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair
- 4 An coiste pleanála infheistíochta

### An coiste iniúchóireachta agus riosca

Oibríonn an coiste iniúchóireachta agus riosca faoi théarmaí tagartha foirmiúla ar a ndearnadh athbhreithniú le linn na bliana. Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste i rith 2018 (2017 - ceithre chruinniú) agus bhí Marie Bradley ina cathaoirleach ar gach ceann acu. I measc

chomhaltaí an choiste, bhí Pascal Fitzgerald go dtí gur imigh sé ar scor ón mbord ar an 31 Iúil 2018 agus Geoffrey O'Byrne-White go dtí go bhfuair sé bás ar an 11 Meitheamh 2018. Tá comhalta seachtrach neamhspleách amháin a bhfuil conradh seirbhíse aige ar an gcoiste.

De ghnáth, freastalaíonn an stiúrthóir airgeadais, ceann na hiniúchóireachta inmheánaí agus ionadaithe ó na réimsí seo a leanas, trí chuireadh de réir mar is gá: oibríochtaí, acmhainní daonna, teicneolaíocht faisnéise, árachas, sláinte agus sábháilteachta, dlí agus comhlíonadh. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach go díreach don choiste iniúchóireachta agus riosca.

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon ábhar eile a bhaineann le gnóthaí an IAA, seachas ábhair shábháilteachta agus shlándála a fhorchoimeádtar don bhord. Déanann sé athbhreithniú ar na ráitis airgeadais bhliantúla, ar thuarascálacha an iniúcháora inmheánaigh, ar na beartais chuntasaíochta, ar athruithe beartaithe ar bheartais chuntasaíochta, ar chomhlíonadh na gcaighdeán cuntasafóchta, ar na himpleachtaí cuntasafóchta a bhaineann le hidirbhearta móra agus ar cheapadh agus ar tháillí an iniúcháora sheachtraigh. Déanann sé athbhreithniú ar straitéis bhainistíochta riosca agus ar phróisis rialaithe an IAA agus déanann sé breithniú ar na nithe seo a leanas:

- acmhainní agus comhordú na ndaoine sin a bhfuil baint acu le sainnithint, le measúnú agus le bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí suntasacha atá roimh an IAA
- an chaoi a dhéileáiltear leis na rioscaí suntasacha arna sainnithint ag an mbainistíocht agus ag daoine eile
- an mhonatóireacht a dhéantar ar na tuarascálacha na bainistíochta
- timpeallacht rialaithe atá dírithe ar rioscaí a bhainistiú i gceart a choinneáil ar bun
- nósanna imeachta tuairiscithe bliantúla.

Buaileann an t-iniúchóir seachtrach leis an gcoiste chun iniúchadh bliantúil an Ghrúpa a phleanáil agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar na torthaí nuair a bheidh an t-iniúchadh curtha i gcrích. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm a chinntíonn caidreamh cuí leis an iniúchóir seachtrach. Le linn na bliana, bhuail an coiste go príobháideach leis an iniúchóir seachtrach, gan an bhainistíocht a bheith i láthair. Déanann an coiste iniúchóireachta agus riosca breithniú ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí seachtracha ar bhonn bliantúil agus tá beartas glactha aige a rialaíonn na seirbhísí neamhiniúchta arna gcur ar fáil ag an iniúchóir seachtrach. Leis an mbeartas seo, déantar breithniú ar chineál agus ar raon na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus ar na táillí a thuilltear le haghaidh oibre iniúchóireachta agus neamhiniúchóireachta. Tá na táillí seo leagtha amach i nóta ó de na ráitis airgeadais. Níor tháinig aon saincheist chun cinn i rith na bliana.

Le linn na bliana, rinne an coiste iniúchóireachta agus riosca meastóireacht féinmheasúnaithe ar a fheidhmíocht féin. Tuairiscíonn an coiste don bhord ar bhonn bliantúil agus ar bhonn ráithiúil, nó nós minice nuair a bhíonn gá leis sin.

Le linn 2018, rinne an coiste iniúchóireachta agus riosca athbhreithniú ar na nithe seo a leanas:

- dréachtráitis airgeadais 2017 sula cuireadh faoi bhráid an bhoird iad lena gceadú
- tuarascáil ón iniúchóir seachtrach ar a iniúchadh ar na ráitis airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017
- táillí iniúchóireachta agus táillí neamh-iniúchóireachta atá infóicta leis an iniúchóir seachtrach
- clár riosca corparáideach 2018-2019 lena n-áirítear na príomhrioscaí don ghnó agus breithniú ar leordhóthanacht an chórais um aithint agus bainistiú riosca

- éifeachtúlacht na rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus próisis bhainistíochta riosca
- tuarascálacha iniúchta inmheánacha don bhliain 2018 agus plean iniúchóireachta inmheánaigh don bhliain 2019
- éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh
- plean iniúchta seachtraigh do 2018 lena n-áirítear raon feidhme an iniúchta
- cuntais bhainistíochta míosúla
- an beartas agus an próiseas atá i bhfeidhm maidir le ráiteas comhlíonta na stiúrthóirí
- comhlíonadh le Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú
- téarmaí tagartha an choiste féin.

### An coiste airgeadais

Oibríonn an coiste airgeadais faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile dhá uair le linn na bliana (uair amháin in 2017). Is comhaltáí den choiste iad Michael McGrail, Ernie Donnelly agus Michael Norton. Bhí Basil Geoghegan ina chathaoirleach ar an gcoiste do dtí gur éirigh sé as ar an 14 Meitheamh 2018. Ba chomhalta den choiste í Anne Nolan go dtí gur imigh sí ar scor ar an 12 Meitheamh 2018.

Féadfaidh an coiste athbhreithniú a dhéanamh ar aon cheist a bhaineann le bainistíocht airgeadais san IAA. Déanann sé athbhreithniú ar na buiséid bhliantúla chaipitil agus oibriúcháin, ar an mbeartas cistíochta, ar shocruithe árachais agus airgeadais agus ar chúrsaí a bhaineann le beartas díbhinní. In 2018, rinne an coiste breithniú freisin ar chúrsaí a bhaineann leis an deighilt bheartaithe chun rannóg rialála sábháilteachta an IAA a scaradh ón soláthraí seirbhíse aerthráchta. Tuairiscíonn an coiste don bhord i ndiaidh a chruinnithe.

### An coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair

Oibríonn an coiste pearsanra, ceapachán agus luacha saothair faoi théarmaí tagartha foirmiúla. Níor tháinig sé le chéile le linn 2018 (uair amháin in 2017). Bhí Anne Nolan ina Cathaoirleach ar an gcoiste n go dtí gur imigh sí ar scor ar an 12 Meitheamh 2018. Bhí Basil Geoghegan ina chomhalta go dtí gur éirigh sé as ar an 14 Meitheamh 2018 agus bhí Geoffrey O'Byrne-White ina chomhalta go dtí go bhfuair sé bás ar an 11 Meitheamh 2018.

Is ról an choiste é breithniú a dhéanamh ar luach saothair an Príomhfheidhmeannaigh agus ar bheartas luacha saothair na bainistíochta sinsearaí go ginearálta agus ar fhorbairtí acmhainní daonna san IAA. Faomhann an coiste ceapacháin don bhainistíocht sinsearach freisin.

### Coiste pleanála infheistíochta

Feidhmíonn an coiste pleanála infheistíochta faoi théarmaí tagartha foirmiúla agus tháinig sé le chéile ceithre huair le linn na bliana (2017: trí huair). Is é Michael Norton cathaoirleach an choiste. Is comhalta den choiste é Ernie Donnelly. Déanann an coiste breithniú ar straitéis an IAA maidir le hinfeistíocht chaipitil agus caiteachas gaolmhar. Tuairiscíonn an coiste don bhord i ndiaidh a chruinnithe.

### Rialú Inmheánach

Tá an Bord freagrach ar deireadh thiar as córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus as monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht. Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun an riosca a bhaineann le cuspóirí gnó a bhaint amach a bhainistiú, seachas é a chosc, agus ní féidir leis ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt i leith míráiteas nó cailleanas ábhartha.

Cuimsíonn córas rialaithe inmheánaigh an IAA na rialuithe sin a bunaíodh chun dearbhú réasúnta a thabhairt maidir le sócmhainní a chosaint agus taifead cuntasafóchta iomchuí agus faisnéis iontaoifa

airgeadais a chothabháil lena n-úsáid laistigh den ghnó nó le haghaidh a bhfoilseachán. Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, cibé acu go díreach nó tríd an gcoiste iniúchóireachta agus riosca, ar éifeachtúlacht na gcóras rialaithe inmheánaigh a chuimsíonn rialuithe airgeadais, oibriúcháin agus comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca. Rinneadh an t-athbhreithniú seo ar an 3 Aibreán 2019 agus baineann éifeacht leis suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais.

Tá creat rialaithe inmheánach láidir ag an IAA lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- coistí boird a bhfuil téarmaí tagartha atá sainithe go soiléir acu
- sceideal saincheistenna atá forchoimeáda don bhord
- cód iompair, arna fhaomhadh ag an mbord, a thugann treoir phraiticiúil don fhoireann ar fad
- struchtúr eagraíochtúil atá sainmhínithe go soiléir a bhfuil deighilt iomchuí dualgas agus teorainneacha údarais aige
- freagrachtaí atá sainithe go soiléir agus foireann atá cáilithe go hiomchuí chun na dualgas seo a chomhlíonadh
- creat bainistíochta riosca corparáideach
- teorainneacha agus nósanna imeachta atá sainithe go soiléir maidir le caiteachas airgeadais lena n-áirítear soláthar agus caiteachas caipitiúil
- gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Poiblí a chomhlíonadh, de réir mar is cuí
- córas cuimsitheach tuairiscithe maidir le hairgeadas, cuntasafócht, bainistíocht chisteáin agus measúnú tionscadail
- córais chuimsitheacha bhuiséadaíche agus buiséid bhliantúla arna bhfaomhadh ag an mbord



- próiseas pleanála cuimsitheach a sholáthraíonn plean corparáide cúig bliana arna athbhreithniú ag an scairsealbhóir agus arna fhaomhadh ag an mbord
- monatóireacht ar fheidhmíocht iarbhrí i gcomparáid le buiséid agus tuairisciú don bhord ar bhonn míosúil maidir le héagsúlachtaí
- feidhm iniúchta inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar phríomhchórais agus príomhrialuithe airgeadais agus ar oibríochtaí ginearálta agus déanann sé moltaí de réir mar is cuí
- coiste iniúcháireachta agus riosca a fhaomhann pleananna iniúchta agus a dhéileálann le saincheisteanna rialaithe suntasacha a eascraíonn ó iniúchadh inmheánach nó seachtrach agus a dhéanann athbhreithniú agus moltaí do ráitis airgeadais deireadh na bliana lena bhfaomhadh ag an mbord
- beartas chun maoirsiú a dhéanamh ar fhochuideachta atá ar lán-úinéireacht ag an IAA
- beartais agus nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí calaoiseacha amhrasacha a thuairisciú agus a réiteach

Rinneadh iniúchadh inmheánach na rialuithe seo a athbhreithniú i rith na bliana mar chuid dá chlár oibre bliantúil. Tuairiscíonn iniúchadh inmheánach go díreach don choiste iniúcháireachta agus riosca maidir le oibríú rialuithe inmheánacha, seachas ar rialuithe maoirseachta sábháilteachta agus slándála atá forchoimeáda don bhord, agus déanann sé moltaí le haghaidh feabhsuithe, más cuí.

Deimhníonn an bord go bhfuil próiseas ann chun rioscaí a aithint agus a bhainistiú agus go bhfuil córas rialaithe inmheánaigh iomchuí i bhfeidhm agus gur fheidhmigh na córais sin go héifeachtach in 2018 agus suas go dtí dáta formheasa na ráiteas airgeadais. Níor aithníodh laigí nó calaoisí le linn chúrsa an athbhreithnithe ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

## Bainistíocht Riosca

Tá freagracht iomlán ar a mBord as cur chuige an Ghrúpa i leith riosca. Ceadáíonn sé an creat bainistíochta riosca agus déanann sé monatóireacht ar a éifeachtúlacht tríd an gcoiste iniúcháireachta agus riosca agus go díreach tríd an mbord.

Tá próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha ata ag bagairt ar IAA a aithint, a mheas agus a bhainistiú. Déanann an bord an próiseas seo a athbhreithniú go rialta agus bhí sé i bhfeidhm don bhliain atá faoi athbhreithniú agus suas go dtí dáta formheasa na tuarascála bliantúla agus na ráiteas airgeadais.

Rinne an bord athbhreithniú agus nuashonrú ar an bpróiseas um rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an ngnó agus na beartais agus na nósanna imeachta trína ndéantar na rioscaí sin a bhainistiú a aithint agus a mheas. Tá an bhainistíocht freagrach as rioscaí suntasacha gnó a aithint agus a mheas agus as rialuithe inmheánacha oiriúnacha a cheapadh agus a oibriú. Déantar measúnú ar na rioscaí seo ar bhonn leanúnach agus féadfaidh go mbeidh baint acu le foinsí éagsúla inmheánacha nó seachtracha, lena n-áirítear clistí ar rialú, cuir isteach ar chórais faisnéise, iomaíocht, tubaistí nádúrtha agus ceanglais rialála. Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don bhord ar na príomhrioscaí a bhaineann leis an ngnó agus ar an gcaoi a ndéantar na rioscaí a bhainistiú.

Tá próiseas dea-bhunaithe láidir i bhfeidhm san IAA chun riosca corparáide a bhainistiú. Leis sin, foráiltear do rian cuntasachta taifeadta agus in-iniúchta. Tá na nósanna imeachta seo ábhartha ar fud oibríochtaí an IAA agus tugann siad dearbhuithe comhleanúnacha de réir a chéile ag leibhéil shinsearachta bhainistíochta agus, ar deireadh, ag an mbord. Déanann an t-iniúchadh inmheánach an próiseas seo a éascú, rud a sholáthraíonn méid áirithe dearbhaithe maidir le hoibríocht agus bailíocht an chórais rialaithe inmheánaigh. Déantar monatóireacht

neamhspleách ar ghníomhartha ceartaitheacha pleanáilte d'fhonn iad a chur i gcrích go tráthúil.

Tuairiscíonn an bhainistíocht go rialta don choiste iniúcháireachta agus riosca maidir lena hathbhreithniú ar rioscaí, agus conas a dhéantar iad a bhainistiú. Tá sé mar ról ag an gcoiste sin athbhreithniú a dhéanamh, thar ceann an bhoird, ar na príomhrioscaí, seachas maoirseacht sábháilteachta agus slándála, a bhaineann leis an ngnó agus ar an gcóras rialaithe a theastaíonn chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déanann an t-iniúchadh inmheánach athbhreithniú neamhspleách ar na nósanna imeachta um aithint riosca agus ar phróisis rialaithe atá curtha i bhfeidhm ag an mbainistíocht, agus tuairiscíonn sé don choiste iniúcháireachta agus riosca ar bhonn ráithiúil. Déanann an coiste iniúcháireachta agus riosca athbhreithniú ar na nósanna imeachta dearbhaithe lena chinntiú go mbaintear úsáid as meascán cuí teicnící chun an leibhéal dearbhaithe a theastaíonn ón mbord a bhaint amach. Cuireann an coiste iniúcháireachta agus riosca a thorthaí faoi bhráid an bhoird ar bhonn bliantúil agus go ráithiúil nó níos minice más gá sin.

## Luach Saothair

Is é an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinnefidh luach saothair stiúrthóirí. D'fhaomh tAire Iompair, Turasoíreachta agus Spóirt luach saothair an Phríomhfeidhmeannaigh, a bhfuil conradh seirbhíse aige, agus cuireadh an bord stiúrthóirí ar an eolas faoi. Leagtar amach i nóta ó na nochtuithe a rinneadh sna ráitis airgeadais seo a bhaineann le táillí stiúrthóirí agus luach saothair an Phríomhfeidhmeannaigh agus nochtuithe iad atá ag teastáil faoi Acht na gCuideachtaí 2014 agus an Cód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

## Tuairisciú gnó agus airgeadais

Aithníonn an bord go bhfuil sé freagrach as an tuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú

agus as a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa ag deireadh na bliana. Tuairiscíonn an Cathaoirleach don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar bhonn rialta maidir le gach forbairt, idir fhorbairt oibríochtúil, airgeadais agus tráchtála, a dhéanann difear don IAA.

Déantar foráil i gCód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú d'fhaisnéis airgeadais shonrach a nochtadh. In 2018, thabhaigh an IAA costais taistil agus cothaithe €2.1 milliún, roinnte idir costais taistil agus cothabhála intíre €0.8 milliún agus costais taistil agus cothabhála idirnáisiúnta €1.3 milliún. Tabhaíodh costais leasa foirne costais fáilteachais €0.4 milliún. Tabhaíodh costais chomhairliúcháin €0.5 milliún. Bhain €0.2 milliún de na costais sin leis an moladh chun feidhmeanna rialála sábháilteachta an IAA a dheighilt ó sholáthar na seirbhísí bainistíochta aerthráchta; bhain €0.1 milliún le comhairleoireacht i ndáil le rialáil eacnamaíoch; bhain €0.1 milliún le hathbhreithniú straitéiseach ar an gcéad ghlúin eile de chórais bainistíochta aerthráchta; agus bhain €0.1 milliún le comhairleoireacht dlí. Luaitear an fhaisnéis seo go réasúnta ar gach slí ábhartha.

### Gnóthas leantach

Creideann na stiúrthóirí, tar éis fiosrúcháin a dhéanamh, go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an nGrúpa agus ag an gCuideachta chun dul ar aghaidh sa todhchaí is intuartha agus go bhfuil sé cuí leanúint de na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

### Taifid chuntasaíochta

Creideann na stiúrthóirí go gcomhlíonann siad ceanglais Alt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 maidir le taifid chúil chuntasaíochta a choinneáil trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil saineolas iomchuí acu a fhostú agus trí acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais.

Coinnítear taifid chuntasaíochta an Ghrúpa i bhFoingneamh Times, 11-12 Sráid D'Olier, Baile Átha Cliath 2.

### Faisnéis iniúchta ábhartha

Creideann na stiúrthóirí gur ghlac siad gach beart is gá chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus dhearbhaigh siad go bhfuil iniúcháirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Chomh fada agus a bhfuil a fhios acu, níl aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúcháirí reachtúla an Ghrúpa ar an eolas fúithi.

### Ráiteas comhlíonta na Stiúrthóirí

Aithníonn na stiúrthóirí, de réir alt 225 (2) d'Acht na gCuideachtaí 2014, go bhfuil siad freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann an Cuideachta oibleagáidí áirithe a shonraítear san alt sin a eascraíonn as Acht na gCuideachtaí 2014 agus dlíthe cánach ['oibleagáidí ábhartha]. Deimhníonn na stiúrthóirí:

- go bhfuiltear tar éis ráiteas beartais comhlíonta a cheapadh ina leagtar amach beartais na Cuideachta maidir leis an gcomhlíonadh sin;
- go bhfuiltear tar éis socruithe agus struchtúir iomchuí curtha i bhfeidhm atá, ina dtuairim, ceaptha chun comhlíonadh ábhartha le hoibleagáidí iomchuí de chuid na Cuideachta a chinntiú; agus
- go ndearnadh athbhreithniú r na socruithe agus na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm le linn na bliana airgeadais chun comhlíonadh na Cuideachta lena hoibleagáidí ábhartha a chinntiú.

### Íoc pras cuntas

Comhlíonann an IAA ceanglais na reachtaíochta um íoc pras cuntas. Cloíonn an IAA le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012).

Is iad téarmaí caighdeánacha creidmheasa an IAA, mura bhfuil a mhalairt sainithe i socruithe conartha ar leith, 30 lá ón lá a fhaightear an sonrasc nó dearbhú gur glacadh leis na hearraí nó leis na seirbhísí atá faoi réir íocaíochta. Le linn na bliana dar chóch an 31 Nollaig 2018 rinneadh gach íocaíocht, a bheag nó a mhór, laistigh den tréimhse iomchuí creidmheasa. Déanann an IAA athbhreithniú leanúnach ar a nósanna imeachta riaracháin chun cabhrú le híoslághdú a dhéanamh ar an am a thógtar le sonraisc a fhiosrú agus a réiteach. Tugann na nósanna imeachta sin dearbhú réasúnach, seachas dearbhú iomlán, in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha na rialachán

### Teagmhais iarchláir chomhardaithe

Ar an 3 Aibreán 2019, mhol an bord díbhinn €19.5 milliún [€1.09 in aghaidh an scair] a íoc (2017: €19.5 milliún [€1.09 in aghaidh an scair]). Áirítear leis seo díbhinn speisialta €12.0 milliún (€0.67 in aghaidh an scair) (2017: €12.0 milliún [€0.67 in aghaidh an scair]).

### Síntiúis pholaitíochta

Níor tugadh aon síntiúis polaitíochta i rith na bliana a éileodh nochtadh faoin Acht Toghcháin, 1997.

### Iniúcháir

De réir Alt 383 [2] d'Acht na gCuideachtaí 2014, leanfaidh an t-iniúcháir KPMG, Cuntasóirí Cairte, ar aghaidh sa ról sin.

Thar ceann an bhoird:

#### Michael McGrail

Cathaoirleach

#### Peter Kearney

Príomhfheidhmeannach

3 Aibreán 2019

## Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí

Maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú, de réir an dlí agus na rialachán is infheidhme.

Éilítear faoi dhlí na gcuideachtaí go n-ullmhaíonn na stiúrthóirí ráitis airgeadais i ndáil le gach bliain airgeadais. Faoi dhlí sin, roghnaigh siad na ráitis airgeadais an Ghrúpa a ullmhú de réir FRS 102 *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* mar a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhréir le forálacha Acht na gCuideachtaí 2014.

De réir dhlí na gcuideachtaí, ní ceadmhach do na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh mura bhfuil siad cinnte go dtugtar léargas cóir agus fíor iontu, ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta agus ar chaillteanas nó brabús an Ghrúpa don bhliain sin. Agus gach ceann de ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta á n-ullmhú, tá sé de cheangal ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;

- a lua cibé acu ar leanadh nó nár leanadh caighdeán chuntasaíochta is infheidhme, faoi réir imeacht ar bith ábhartha atá nochtaithe agus mínithe sna ráitis airgeadais. agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé míchuí glacadh leis go leanfaidh an Grúpa agus Cuideachta i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choinneáil ina nochtar go measartha cruinn am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas na Cuideachta agus ina gcuirtear ar a gcumas a áirithiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Acht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu as aon bheart atá ar fáil go réasúnta dóibh a dhéanamh chun sócmhainní na Cuideachta a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as tuarascáil na stiúrthóirí a ullmhú a chomhlíonann ceanglais Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais a chothabháil ar shuíomh gréasáin na Cuideachta agus as an bhfaisnéis sin a chinntiú mar fhaisnéis iontaoifa. D'fhéadfadh an reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann, lena rialaítear ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh, a bheith éagsúil ón reachtaíocht i ndlínsí eile.

Thar ceann an bhoird:

**Michael McGrail**  
*Cathaoirleach*

**Peter Kearney**  
*Príomhfheidhmeannach*

# Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách do chomhaltaí Údarás Eitlíochta na hÉireann

## 1 Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais

### Tuairim

Táimid tar éis iniúchadh a dheanamh ar ráitis airgeadais Ghrúpa agus Cuideachta Údarás Eitlíochta na hÉireann ('an Chuideachta') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, a chuimsíonn an cuntas brabúis agus cailiteanais chomhdhlúite, an ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile, na cláir chomhardaithe comhdhlúite agus cláir chomhardaithe na cuideachta, na ráitis chomhdhlúite agus ráitis na cuideachta maidir le hathruithe i gcothromas, an ráiteas sreabhaidh airgid chomhdhlúite agus na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais cuntasáíochta shuntasacha a leagtar amach i nóta 1. Is é an creat tuairiscithe airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán ná Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Is é ár dtuairim maidir leis na ráitis Grúpa agus Cuideachta airgeadais:

- tugtar léargas cóir agus fíor iontu, ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Grúpa agus na Chuideachta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar a thorthaí do dheireadh na bliana sin;
- go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann; agus
- go ndearnadh iad a ullmhú mar is cuí de réir Acht na gCuideachtaí 2014.

### Bonn na tuairime

Rinneamar ár n-inniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúcháireacht (Éire) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos breise ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid sin den tuarascáil '*Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hIniúchadh na Ráiteas Airgeadais*'. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta de réir na riachtanas eiticíúil atá ábhartha maidir lenár n-iniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitice arna eisiúint ag Údarás Maoirseachta Iniúcháireachta agus Cuntasáíochta na hÉireann, agus táimid tar éis ár bhfreagrachtaí eitice a chomhlíonadh i gcomhréir leis na ceanglais sin.

Creidimid gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte againn le bonn a chur lenár dtuairim.

### Níl aon rud le tuairisciú againn maidir le gnóthas leantach

Tá sé de cheangal orainn a thuairisciú má táimid den tuairim go bhfuil úsáid an ghnóthais leantaigh cuntasáíochta míchuí nó go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha neamhráite ann a d'fhéadfadh amhas mór a bheith ann maidir leis an mbonn sin a úsáid ar feadh tréimhse dhá mhí déag ar a laghad ó dháta formheasa na ráitis airgeadais. Níl aon rud le tuairisciú againn ar an ábhar seo.

### Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile a chuirtear ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear san fhaisnéis eile faisnéis atá i dtuarascáil na stiúrthóirí, an ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí, ráiteas an Chathaoirligh agus athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh. Ní chuimsítear an fhaisnéis eile in ár dtuairim ar na ráitis airgeadais agus, dá réir sin, ní chuirimid tuairim iniúchta in iúl ná ní dhéanaimid aon chineál de chonclúid dearbhaithe maidir léi, ach amháin ár a luadh go sainráite thíos.

Is í an fhreagracht atá orainn an fhaisnéis eile a léamh agus, ar an dóigh sin, breithiúnas a dhéanamh, bunaithe ar ár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais, cibé an bhfuil míráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha i gceist leis an bhfaisnéis atá iontu nó lenár n-eolas iniúchta. Bunaithe ar an obair sin amháin, níor aithníodh míráitis ábhartha san fhaisnéis eile.

Bunaithe ar ár gcuid oibre ar an eolas eile amháin:

- níor aithníomar míráitis ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí;
- is é ár dtuairim, go bhfuil an fhaisnéis a tugadh i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais;
- is é ár dtuairim gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014.

### Tuairimí ar chúrsaí eile a fhorordaítear in Acht na gCuideachtaí 2014

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasaimid a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta faighte againn.

Is é ár dtuairim gur leor taifid chuntasáíochta an Grúpa chun go mbeifí ábalta iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais go réidh agus mar is ceart agus go bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáíochta.

### Ábhair ar a gcaithfidimid tuairisciú trí eisceacht

Ceanglaítear orainn faoi Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisciú a dhéanamh anseo má táimid den tuairim nach ndearnadh nochtuithe maidir le luach saothair agus idirbheartaíochtaí na stiúrthóirí a éilítear faoi ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon rud le tuairisciú againn ar an ábhar seo.

## Tuarascáil an iniúchóra neamhspleách (ar lean)

Faoin gCód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an “Cód”) ceanglaítear orainn tuairisciú a dhéanamh anseo mura léirítear sa ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a éilítear faoin gCód, agus mar a chuimsítear i dtuarascáil na stiúrthóirí ar leathanaigh 30 agus 31, comhlíonadh na cuideachta le mír 1.9(iv) den Chód nó mura thagann sé leis an bhfaisnéis a chuirtear ar ár súile dúinn le linn ár gcuid oibre iniúchta ar na ráitis airgeadais, agus tuairiscímid más amhlaidh atá cúrsaí.

### 2 Freagrachtaí agus srianta úsáide faoi seach

#### Freagrachtaí na stiúrthóirí maidir leis na ráitis airgeadais

Mar a mhínítear breise sa ráiteas maidir le freagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 33, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a bheith sásta go dtugtar iontu léargas cóir agus fíor, agus as an méid rialaithe inmheánaigh agus a mheasann siad iomchuí chun ráitis airgeadais atá saor ó mhíshonrú ábhartha a ullmhú, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas an Ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus as nithe a bhaineann le gnóthas leantach agus le húsáid bhonn an ghóthais leantaigh a nochtadh mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an Grúpa a leachtú nó oibríochtaí a scor, nó nuair nach bhfuil aon rogha réaláíoch eile acu ach é sin a dhéanamh.

#### Freagrachtaí an iniúchóra maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Is iad na cuspóirí atá againn ná dearbhú réasúnta a fháil maidir le cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ar an iomlán saor ó mhíríteas ábhartha de dheasca calaoisí nó earráide, agus tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina léirítear ár dtuairim. Is éard atá i ndearbhú réasúnta ná dearbhú ardleibhéil, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh

iniúchadh a reáchtáiltear de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (Éire) míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Féadfaidh sé go dtagann míráitis aníos de dheasca calaoise nó earráide agus meastar go bhfuil siad ábhartha, más rud é, ina n-aonair nó ina gcomh-iomláine, go bhféadfaí a bheith ag súil leis go réasúnach go n-imreodh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha arna ndéanamh ag úsáideoirí ar bhonn an chuntais seo.

Tugtar cur síos níos iomláine ar ár bhfreagrachtaí ar shuíomh gréasáin an IAA ar [https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description\\_of\\_auditors\\_responsibilities\\_for\\_audit.pdf](https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf).

#### Cuspóir ár n-oibre iniúchta agus cé dóibh a bhfuilimid freagrach

Is do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, a thuiriscímid, de réir Alt 391 d’Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneadh ár n-obair iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis na cúrsaí sin a lua le comhaltaí na Cuideachta a bhfuil ceangal orainn iad a lua leo i dtuarascáil na n-iniúchóirí agus ní chun críche ar bith eile. A mhéid is mó a cheadaítear leis an dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht do dhuine ar bith eile ach an Chuideachta agus comhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, nó as na tuairimí atá déanta againn.

Eamon Dillon  
**ar son agus thar ceann**  
**KPMG**  
**Cuntasóirí Cairte**  
**Gnólacht Iniúchta Reachtúil**

1 Plás an Stócaigh  
 Faiche Stiabhna  
 Baile Átha Cliath 2  
 Éire

3 Aibreán 2019

**Cuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais**  
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

|   | Nóta  | 2018<br>€'000    | 2017<br>€'000 |
|---|-------|------------------|---------------|
| <b>Láimhdeachas</b> – gníomhaíochtaí leanúnacha       | 2     | <b>198,922</b>   | 193,442       |
| Costas oibriúcháin                                    | 1, 20 | <b>(167,372)</b> | (159,902)     |
| <b>Brabús oibriúcháin</b> – gníomhaíochtaí leanúnacha |       | <b>31,550</b>    | 33,540        |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil                 | 4     | <b>18,873</b>    | 11,165        |
| Ús iníoctha agus táillí comhchosúla                   | 5     | <b>(13,611)</b>  | (14,152)      |
| Sciar brabúis an chomhlaigh                           | 9     | <b>1,001</b>     | 581           |
| <b>Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin</b>    | 6     | <b>37,813</b>    | 31,134        |
| Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí              | 7     | <b>(6,492)</b>   | (4,867)       |
| <b>Brabús don bhliain airgeadais</b>                  |       | <b>31,321</b>    | 26,267        |

## Ráiteas comhdhlúite ar ioncam cuimsitheach eile don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

|   | Nóta | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|------|---------------|---------------|
| <b>Brabús don bhliain airgeadais</b>                              |      | <b>31,321</b> | 26,267        |
| <b>Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach</b>                             |      |               |               |
| Atomhas an ghlandliteanais sochair shainithe                      | 20   | <b>5,222</b>  | 70,310        |
| Sócmhainn chánach iarchurtha ghaolmhar                            | 14   | <b>(653)</b>  | (8,789)       |
| Airgead tirim de bhreis ar chostais seirbhíse pinsin              | 20   | <b>7,068</b>  | 6,134         |
| Difríocht airgeadraí eachtracha ar aistriú oibríochtaí eachtracha |      | <b>880</b>    | (1,991)       |
| <b>Ráiteas ar ioncam cuimsitheach don bhliain</b>                 |      | <b>12,517</b> | 65,664        |
| <b>Iomlán an ioncain chuimsitheach eile don bhliain</b>           |      | <b>43,838</b> | 91,931        |

## Clár comhardaithe comhdhlúite

Amhail an 31 Nollaig 2018

|  | Nóta | 2018<br>€'000   | 2017<br>€'000 |
|--|------|-----------------|---------------|
| <b>Sócmhainní seasta</b>   |      |                 |               |
| Sócmhainní inláimhsithe  | 8    | 98,835          | 77,181        |
| Sócmhainní airgeadais  | 9    | 31,510          | 23,723        |
|  |      | <b>130,345</b>  | 100,904       |
| <b>Sócmhainní reatha</b>   |      |                 |               |
| Féichiúnaithe  | 10   | 53,716          | 52,337        |
| Sochair ghearrthéarma  |      | 197,769         | 186,678       |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim                                 |      | 21,922          | 33,417        |
|  |      | <b>273,407</b>  | 272,432       |
| <b>Creidiúnaithe:</b> méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin       | 11   | <b>(42,768)</b> | (36,814)      |
| <b>Glansócmhainní reatha</b>   |      | <b>230,639</b>  | 235,618       |
| <b>Iomlán na sócmhainní líude dliteanais reatha</b>                        |      | <b>360,984</b>  | 336,522       |
| <b>Creidiúnaithe:</b> méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin | 13   | <b>(47,670)</b> | (37,155)      |
| <b>Foráil do dhliteanais</b>   |      |                 |               |
| Oibleagáidí sochair scoir  | 20   | <b>(76,932)</b> | (87,365)      |
| <b>Glansócmhainní</b>  |      | <b>236,382</b>  | 212,002       |
| <b>Caipiteal agus cúlchistí</b>  |      |                 |               |
| Scairchaipiteal glaoite  | 15   | 22,675          | 22,675        |
| Cuntas brabúis agus cailiteanais   |      | 213,973         | 190,473       |
| Cúlchiste airgeadra  |      | (266)           | (1,146)       |
| <b>Cistí na scairsealbhóirí – caipiteal gnáthscaireanna</b>                |      | <b>236,382</b>  | 212,002       |

Thar ceann an bhoird:

**Michael McGrail**  
Cathaoirleach

**Peter Kearney**  
Príomhfheidhmeannach



## Clár comhardaithe na cuideachta

Amhail an 31 Nollaig 2018

|  | Nóta | 2018<br>€'000   | 2017<br>€'000 |
|--|------|-----------------|---------------|
| <b>Sócmhainní seasta</b>   |      |                 |               |
| Sócmhainní inláimhsithe  | 8    | 98,835          | 77,181        |
| Sócmhainní airgeadais  | 9    | 15,218          | 15,218        |
|  |      | <b>114,053</b>  | 92,399        |
| <b>Sócmhainní reatha</b>   |      |                 |               |
| Féichiúnaithe  | 10   | 59,959          | 58,792        |
| Sochair ghearrthearma  |      | 197,769         | 186,678       |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim                                 |      | 20,765          | 32,993        |
|  |      | <b>278,493</b>  | 278,463       |
| <b>Creidiúnaithe:</b> méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin       | 11   | <b>(42,746)</b> | (36,719)      |
|  |      | <b>235,747</b>  | 241,744       |
| <b>Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha</b>                        |      |                 |               |
|  |      | <b>349,800</b>  | 334,143       |
| <b>Creidiúnaithe:</b> méideanna atá dlite tar éis breis agus bliain amháin | 13   | <b>(45,154)</b> | (36,323)      |
| <b>Foráil do dhliteanais</b>   |      |                 |               |
| Oibleagáidí sochair scoir  | 20   | <b>(76,932)</b> | (87,365)      |
|  |      | <b>227,714</b>  | 210,455       |
| <b>Caipiteal agus cúlchistí</b>  |      |                 |               |
| Scairchaipiteal glaoite  | 15   | 22,675          | 22,675        |
| Cuntas brabúis agus cailtleanais   |      | 205,039         | 187,780       |
|  |      | <b>227,714</b>  | 210,455       |

Thar ceann an bhoird:

**Michael McGrail**  
Cathaoirleach

**Peter Kearney**  
Príomhfheidhmeannach

**Ráiteas comhdhlúite ar athruithe i gcothromas**  
don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

|   | Scairchaipiteal<br>glaioite<br>€'000 | Cuntas<br>brabús<br>agus<br>caillteanais<br>€'000 | Cúlchistí<br>airgeadra<br>€'000 | Cothromas<br>iomlán<br>€'000 |
|---|--------------------------------------|---|---------------------------------|------------------------------|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017  | 22,675                               | 105,799   | 845                             | 129,319                      |
| <b>Ioncam cuimsitheach</b>  |                                      |   |                                 |                              |
| Brabús don bhliain airgeadais   | -                                    | 26,267  | -                               | 26,267                       |
| Ioncam (caillteanas) cuimsitheach eile                                      | -                                    | 67,655  | (1,991)                         | 65,664                       |
| <b>Ioncam/(caillteanas) cuimsitheach iomlán don bhliain</b>                 | -                                    | 93,922  | (1,991)                         | 91,931                       |
| <b>Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas</b> |                                      |   |                                 |                              |
| Díbhinní  | -                                    | (9,248)   | -                               | (9,248)                      |
| <b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017</b>                                   | <b>22,675</b>                        | <b>190,473</b>                                    | <b>(1,146)</b>                  | <b>212,002</b>               |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018  | 22,675                               | 190,473   | (1,146)                         | 212,002                      |
| <b>Ioncam cuimsitheach</b>  |                                      |   |                                 |                              |
| Brabús don bhliain airgeadais   | -                                    | 31,321  | -                               | 31,321                       |
| Ioncam cuimsitheach eile  | -                                    | 11,637  | 880                             | 12,517                       |
| <b>Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain</b>                               | -                                    | 42,958  | 880                             | 43,838                       |
| <b>Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas</b> |                                      |   |                                 |                              |
| Díbhinní  | -                                    | (19,458)  | -                               | (19,458)                     |
| <b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018</b>                                   | <b>22,675</b>                        | <b>213,973</b>                                    | <b>(266)</b>                    | <b>236,382</b>               |

## Ráiteas na cuideachta ar athruithe i gcothromas don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

|   | Scairchaipiteal<br>glaote<br>€'000 | Cuntas<br>brabúis<br>agus<br>caillteanais<br>€'000 | Cothromas<br>iomlán<br>€'000 |
|---|------------------------------------|--|------------------------------|
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2017  | 22,675                             | 104,512  | 127,187                      |
| <b>Ioncam cuimsitheach</b>  |                                    |  |                              |
| Brabús don bhliain airgeadais   | -                                  | 24,861   | 24,861                       |
| Ioncam cuimsitheach eile  | -                                  | 67,655   | 67,655                       |
| <b>Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain</b>                               | -                                  | 92,516   | 92,516                       |
| <b>Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas</b> |                                    |  |                              |
| Díbhinní  | -                                  | (9,248)  | (9,248)                      |
| <b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2017</b>                                   | <b>22,675</b>                      | <b>187,780</b>                                     | <b>210,455</b>               |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018  | 22,675                             | 187,780  | 210,455                      |
| <b>Ioncam cuimsitheach</b>  |                                    |  |                              |
| Brabús don bhliain airgeadais   | -                                  | 25,080   | 25,080                       |
| Ioncam cuimsitheach eile  | -                                  | 11,637   | 11,637                       |
| <b>Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain</b>                               | -                                  | 36,717   | 36,717                       |
| <b>Idirbhearta le scairshealbhóirí a aithnítear go díreach i gcothromas</b> |                                    |  |                              |
| Díbhinní  | -                                  | (19,458)   | (19,458)                     |
| <b>Iarmhéid amhail an Dé Luain 31 Nollaig 2018</b>                          | <b>22,675</b>                      | <b>205,039</b>                                     | <b>227,714</b>               |

## Ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

|   | Nóta | 2018<br>€'000   | 2017<br>€'000 |
|---|------|-----------------|---------------|
| <b>Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>                    |      |                 |               |
| Brabús don bhliain airgeadais   |      | 31,321          | 26,267        |
| <i>Coigeartú i leith:</i>   |      |                 |               |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe                                    | 8    | 15,312          | 14,529        |
| Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil                                     | 4    | (18,873)        | (11,165)      |
| Ús iníoctha agus táillí comhchosúla                                       | 5    | 13,611          | 14,152        |
| Sciar brabúis an chomhlaigh   | 9    | (1,001)         | (581)         |
| Cáin  | 7    | 6,492           | 4,867         |
|   |      | <b>46,862</b>   | 48,069        |
| (Méadú)/laghdú ar fhéichiúnaithe  |      | (1,280)         | 7,896         |
| Méadú ar chreidiúnaithe   |      | 11,393          | 17,311        |
|   |      | <b>56,975</b>   | 73,276        |
| Cáin íoctha   |      | (4,492)         | (4,590)       |
|   |      | <b>52,483</b>   | 68,686        |
| <b>Airgead glan ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>                         |      |                 |               |
| <b>Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistiúcháin</b>                |      |                 |               |
| Dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe                                    |      | (32,965)        | (13,054)      |
| Fáil sócmhainní airgeadais  | 9    | -               | (3,158)       |
| Díbhinní infhaighte   | 9    | -               | 637           |
| Sochair ghearrthéarma   |      | (11,091)        | (76,681)      |
| Ús infhaighte   |      | 93              | 26            |
|   |      | <b>(43,963)</b> | (92,230)      |
| <b>Airgead glan a úsáideadh le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta</b> |      |                 |               |
| <b>Sreabhaidh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistiúcháin</b>                |      |                 |               |
| Ús íoctha   |      | (622)           | (273)         |
| Díbhinní íoctha   | 16   | (19,458)        | (9,248)       |
|   |      | <b>(20,080)</b> | (9,521)       |
| <b>Airgead glan a úsáideadh i ngníomhaíochtaí infheistíochta</b>          |      |                 |               |
| <b>Glanlaghdú ar airgead agus ar choibhéisí airgid</b>                    |      |                 |               |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag an 1 Eanáir                              |      | 33,417          | 66,669        |
| Éifeacht luaineacha sna rátaí malairte ar airgead arna shealbhú           |      | 65              | (187)         |
|   |      | <b>21,922</b>   | 33,417        |

## Nótaí

atá ina gcuid de na ráitis airgeadais

### 1 Beartais Chuntasaíochta

Cuideachta phríobháideach theoranta a bunaíodh faoi Acht um Údarás Eitlíochta na hÉireann 1993, ('an tAcht um IAA') agus atá cláraithe faoi Acht na gCuideachtaí 2014 is ea Údarás Eitlíochta na hÉireann ['IAA', 'an Chuideachta'] Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasmhach nuair a bhíodhas ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an IAA, seachas nuair atá a mhalairt ráite.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, *an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann* ("FRS 102"). Is é an Euro an t-airgeadra ina gcuirtear na ráitis airgeadais seo i láthair. Slánaíodh gach suim sna ráitis airgeadais don €1,000 is gaire.

Áirítear an chuideachta sealbhaíochta sna ráitis airgeadais chomhdhlúite agus meastar gur eintiteas cáilithe é de réir FRS 102. Cuireadh na díolúintí seo a leanas i bhfeidhm faoi FRS 102 maidir le nochtadh áirithe i gcás na cuideachta sealbhaíochta:

- Ní áirítear aon ráiteas faoi shreabhadh airgid le nótaí gaolmhara maidir le cuideachta sealbhaíochta ar leith;
- Ní áirítear cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta don dara huair.

Faoi Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá an Chuideachta díolmhaithe ón gceanglas chun a cuntas brabúis agus cailteanais féin a chur i láthair.

Pléitear i nóta 21, breithiúnais a thug na stiúrthóirí agus na beartais chuntasaíochta á gcur i bhfeidhm, ag a bhfuil tionchar suntasach ar na ráitis airgeadais agus ar mheastachán lena mbaineann riosca suntasach go ndéanfar coigeartú orthu sa bhliain ata le teacht.

#### Sárú lena ngabhadh léargas fíor agus cóir

Tá Éire páirteach i gcomhaontú iltaobhach (EUROCONTROL) a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealaigh a bhailiú. Faoi Alt 47 den Acht um IAA, comhlíonann an IAA an fheidhm seo thar ceann an Stáit. Déantar dífríocht idir ioncam agus costais a thagann as riosca méide tráchta agus as riosca comhroinnte costais a aisghabháil ó úsáideoirí seirbhísí loingseoireachta faoi bhealach nó a aisíoc le húsáideoirí seirbhísí loingseoireachta trí na táillí a leasú san blianta atá le teacht.

Sainmhínítear na costais atá le cur san áireamh chun críche an chomhaontaithe EUROCONTROL i bprionsabail EUROCONTROL maidir le muirearú agus i Rialacháin CE maidir le Muirearú ar bhealach a chuimsíonn íocaíochtaí airgid uile le cistí pinsin. Dá réir sin, chinn na Stiúrthóirí go bhfuil sé cuí gach íocaíocht airgid a dhéantar le ciste pinsin an IAA a chuimsiú i gcostais oibriúcháin a mhéad a sháraíonn siad an táille phinsin a chinntear de réir FRS 102 'Sochair Fostaithe', agus creidmheas fritháirimh a thuairisciú sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI"), ar mhaithe le léargas fírinneach cóir a thabhairt ar a ioncam cuimsitheach agus ar a shócmhainní, a dhlíteanais agus a staid airgeadais. Tá tuilleadh sonraí faoi thionchar an chleachtas chuntasaíochta sin tugtha sa bheartas cuntasaíochta sochair fostaithe ar leathanach 45 agus 46.

#### 1.1 Gnás tomhais

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil seachas na hinfheistíochtaí i gcomhlaigh a chumhaítear i gcomhréir le modh an chothromais sna ráitis airgeadais chomhdhlúite (ar chostas lúide bearnú i ráitis airgeadais na Cuideachtaí) agus déantar sócmhainní seasta airgeadais eile a thomhas ar luach cóir.

#### 1.2 Bonn comhdhlúite

Comhdhlúthaíonn ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na Cuideachta agus a fochuideachta, IAA North Atlantic Inc., atá 100% faoina úinéireacht, suas go dtí an 31 Nollaig 2018.

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### 1.2 Bonn comhdhlúite (ar lean)

Is ionann fochuideachta agus eintiteas atá faoi smacht ag an ngnóthas sealbhaíochta. Áirítear torthaí an ghnóthais fochuideachta sa chuntas brabúis agus cailteanas comhdhlúite ón dáta a thosaíonn smacht go dtí an dáta a chríochnaíonn an smacht. Bunaítear smacht nuair atá cumhacht ag an gCuideachta chun beartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis a rialáil chun sochair a fháil óna ngníomhaíochtaí. Nuair atá smacht á mheas, déanann an Grúpa breithniú ar chearta vótála féideartha atá i bhfeidhm faoi láthair.

Is ionann comhlach agus eintiteas ar a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa ar bheartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis, ach gan aon smacht a bheith ag an nGrúpa ar an eintiteas sin. Glactar leis go bhfuil tionchar suntasach i gceist nuair atá idir 20% agus 50% cearta vótála cothromais ag an infheisteoir. Áirítear scair an Ghrúpa de bhrabús nó cailteanas na gcomhlach sa chuntas brabúis agus cailteanais comhdhlúite agus cláraítear leas an Ghrúpa ina ghlan sócmhainní ar an gclár comhardaithe trí leas a bhaint as an modh cothromais.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, iompraíonn infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcomhlaigh ag costas lúide bearnú.

### 1.3 Láimhdeachas

Seasann láimhdeachas do na suimeanna a fuarthas, agus atá infhaighte, i ndáil le seirbhísí a cuireadh ar fáil do chustaiméirí, in éineacht le táillí a fuarthas i ndáil le feidhmeanna rialála reachtúla a comhlíonadh nuair a bhíothas i mbun ceanglais rialála sábháilteachta.

### Ioncam ó ghníomhaíochtaí faoi bhealach agus críochfoirt

Mar atá sonraithe thuas, tá an IAA i dteideal na difríochtaí idir ioncam agus costais a bhaineann le táillí seirbhíse loingseoireachta faoi bhealach a aisghabháil nuair a thagann na difríochtaí sin as riosca méide tráchta agus as comhroinnt riosca costais. Déantar soláthar do na difríochtaí a thagann chun cinn i gcuntas ioncaim fhabhráithe/ iarchurtha agus coigeartaítear iad i gcoinne ioncaim a thagann as gníomhaíocht faoi bhealach. Is ar bhealach den chineál céanna a thugtar cuntas ar ioncam ó tháillí loingseoireachta críochfoirt, a bhaineann le seirbhísí druidime, tuirlingthe agus éirí de thalamh. Fabhraítear suimeanna i láimhdeachas agus aithnítear iad mar nithe infhaighte nó mar nithe iníoctha sa chlár comhardaithe.

### Ioncam iarchurtha

Is ar bhonn líne díri thar thréimhse dhá mhí dhéag a aithníonn an IAA ioncam le haghaidh deimhnithe aeracmhainneachta, rud a ghearrtar gach bliain ar aerárthaí atá lonnaithe san AE ar aon dul lena oibleagáidí faireacháin agus feidhmíochta.

### 1.4 Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag costas, lúide cailteanais dímheasa charntha agus bearnaithe charntha. Is ar bhonn líne díri thar a saol ionchais úsáideach a ríomhtar dímheas chun an costas a bhaineann le gach sócmhainn sheasta a dhíscríobh, lena n-áirítear trealamh a ceannaíodh mar chuid de shuiteáil. Ríomhtar é de réir na rátaí bliantúla seo a leanas:

|  |  |
|--|--|
| Foirgnimh                                | 5%   |
| Suiteálacha críochnaithe agus obair eile | 8 <sup>1</sup> / <sub>3</sub> % – 12 <sup>1</sup> / <sub>2</sub> % |
| Trealamh oifige                          | 20% – 33 <sup>1</sup> / <sub>3</sub> %                             |

Dímheastar sócmhainní ón dáta ar a gcuirtear iad i mbun oibre. Déantar sócmhainní i mbun tógála/suiteálacha idir lámha a iompar ag a gcostas stairiúil agus ní dhímheastar iad go dtí go gcuirfead iad i mbun oibre. Déantar athbhreithniú ar shuimeanna glanluacha shócmhainní seasta inláimhsithe an IAA ag gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil aon léiriú ar bhearnú ann.

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### 1.5 Sócmhainní seasta airgeadais

Is ionann comhlach agus eintiteas ar a bhfuil tionchar suntasach ag an nGrúpa, ach gan aon smacht a bheith aige ar bheartais oibriúcháin agus airgeadais an eintitis. Sna ráitis airgeadais chomhdhlúite, thugtar cuntas ar infheistíochtaí i gcomhlaigh le modh an chothromais. Faoi mhodh chuntasaíochta an chothromais, is i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa a aithnítear scair an Ghrúpa de bhrabús nó caillteanais na gcomhlach tar éis fáltais. Áirítear leas an Ghrúpa i nglansócmhainní na gcomhlach mar infheistíochtaí i gcomhlaigh ar chlár comhardaithe an Ghrúpa ar mhéid a dhéanann ionadaíocht ar scair an Ghrúpa de luach cóir na glansócmhainní aitheanta chomh maith le sciar an Ghrúpa maidir le brabús agus caillteanais choinnithe tar éis fáltais a thagann as infheistíocht an Ghrúpa.

I ráitis airgeadais na Cuideachta, iompraítear infheistíochtaí i gcomhlaigh ag costas lúide bearnú ar bith atá ann i luach infheistíochtaí aonair.

Aithnítear sócmhainní seasta airgeadais eile i dtús ag praghas an idirbhirt. Tomhaistear an infheistíocht ag luach cóir ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus aithnítear athruithe i luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais, ach amháin i gcás nach féidir an luach cóir a thomhas go hiontaoifa, agus sa chás sin baintear leas as an gcostas.

### 1.6 Sócmhainní léasaithe

Gearrtar costas ar chíosanna léasa oibriúcháin de réir mar a fhabhraítear iad thar thréimhse na léasanna.

### 1.7 Airgeadraí eachtracha

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha chuig an airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmníodh in airgeadraí eachtracha ag an dáta tuairiscithe chuig an airgeadra feidhmiúil ag an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Is sa bhrabús don bhliain a dhéileáiltear leis an mbrabús agus na caillteanais a leanann astu.

Aistrítear na hidirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha go Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm don bhliain i gcás go bhfuil an ráta seo comhionann nó geall le bheith comhionann leis na rátaí malairte eachtracha atá i bhfeidhm ag dátaí na n-idirbhearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais go Euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana. Aithnítear difríochtaí i ráta malairte a eascraíonn as ath-aistriú in ioncam cuimsitheach.

### 1.8 Cánachas

Déantar soláthar do cháin chorparáideach ar an mbrabús don bhliain ag na rátaí reatha. Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainithe go léir a tháinig chun cinn, agus nár aisiompáíodh iad, ag an dáta tuairiscithe. Déantar soláthar ag na rátaí a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair a aisiompófar na difríochtaí uainithe. Is é is difríochtaí uainithe ann ná difríochtaí idir brabús inchánaithe an IAA agus a thorthaí, mar atá luaite sna ráitis airgeadais, a éiríonn ó ghnóthachain agus ó chaillteanais a chur ar áireamh i mbrabús inchánaithe i dtréimhsí atá éagsúil leis na tréimhsí ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Meastar go bhfuil cánach inghnóthaithe agus dá bhrí sin aithnítear é amháin, ar bhonn na fianaise go léir atá ar fáil, gur dócha é go mbeidh brabús oiriúnach inchánach ann agus as sin go mbeifear in ann aisiompú difríochtaí bunúsacha uainiúcháin amach anseo a asbhaint.

### 1.9 Sochair fostaithe

Cuireann an IAA pinsin ar fáil dá fhostaithe faoi cheithre scéim aoisliúntais. Tá trí cinn de na scéimeanna sin ina scéimeanna sochair shainithe, is iad sin: "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 1996" – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta roimh an 1 Aibreán 2008; "Scéim Aoisliúntais Foirne Údarás Eitlíochta na hÉireann 2008" – do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta idir an 1 Aibreán 2008 agus an 31 Nollaig 2011; "Plean Hibrídeach Pinsean Údarás Eitlíochta na hÉireann 2012" do bhaill foirne ar thosaigh a dtréimhse fostaíochta ón 1 Eanáir 2012 ar aghaidh. I gcás na scéimeanna sin, is mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe a thuiriscítear an difríocht idir luach margaidh shócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanas na scéimeanna arna meas ag achtúire, a ríomhtar trí mhodh creidmheasa aonaid réamh-mheasta a úsáide.

## 1 Beartais chuntasaíochta (ar lean)

### 1.9 Sochair fostaithe (ar lean)

Is é an tsuim a ghearrtar ar an gcuntas brabúis agus cailiteanais ná iomlán na nithe seo a leanas:

- (a) iomlán chostas na sochar pinsin a chinntear go hachtúireach a ghealltar d'fhostaithe as seirbhís i rith na bliana móide aon fheabhsuithe sochair a bhronntar do bhaill i rith na bliana (costas seirbhíse reatha/roimhe), agus
- (b) iomlán na táille breise ar chostais oibriúcháin, áit a ríomhtar an difríocht idir an táille phinsin a chinntear go hachtúireach (costas seirbhíse reatha/roimhe) atá ar áireamh thuas agus na híocaíochtaí iomlána airgid thirim leis an gciste pinsin sa bhliain, agus
- (c) an glan-ús ar an nglanlitéanas sochair shainithe a chuimsíonn an costas úis ar an oibleagáid sochair shainithe agus ioncam úis ar shócmhainní an phlean.

46

Is mar ghnóthachain agus chailliteanais atomhais sa ráiteas faoi ioncam cuimsitheach eile ("OCI") a aithnítear an difríocht idir an t-ioncam úis ar shócmhainní agus ar an toradh a baineadh amach iarbhir agus aon athruithe ar dhliteanais mar thoradh ar athruithe ar thoimhdí, nó toisc go raibh an taithí i rith na bliana éagsúil leis an taithí mheasta. Áirítear leis an OCI fritháireamh arb ionann é agus an táille phinsin bhreise, atá tuairiscithe i mír (b), a mheastar a bheith aisghafa faoi fhorálacha chomhaontú EUROCONTROL mar atá tuairiscithe ar leathanach 43.

Mar sin, imíonn an IAA ó cheanglais FRS 102 i dtreo is go gclóifid na torthaí le ceanglais na gcomhaontuithe faoina rialaítear a chuid oibríochtaí agus, i gcomhthéacs na gcomhaontuithe sin, go dtabharfar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais. Is é tionchar an imeachta sin ná an costas pinsin a mhéadú faoi €7,068,000 (2017: €6,134,000) os cionn na gcostas seirbhíse arna gcinneadh go hachtúireach d'aisghabháil faoin meicníocht gearradh táillí sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018, agus chun creidmheas fritháirimh san OCI a thaifeadh, rud a choinníonn cúlchistí brabúis agus cailiteanas agus sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gcomhréir le ceanglais FRS 102.

### 1.10 Bun-ionstraimí airgeadais

#### Féichiúnaithe agus creidiúnaithe trádála agus féichiúnaithe agus creidiúnaithe eile

Aithnítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile i dtús ag praghas an idirbhirt móide costais idirbhirt inchurtha. Tar éis aithint tosaigh, tomhaistear iad ag costas amúchta ach úsáid a bhaint as modh an úis éifeachtaigh, lúide aon chailliteanais bhearnaithe i gcás féichiúnaithe trádála.

#### Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha

Is é is airgead tirim ann ná airgead tirim atá coimeádta ag an mbanc agus atá le fáil ar éileamh. Is éard atá i gcoibhéisí airgid thirim ná infheistíochtaí an-leachtach (seachas airgead tirim) is féidir a thiontú go réidh go suimeanna aitheanta airgid thirim. Is gnách a bhíonn taiscí airgid thirim a mhaireann idir lá amháin agus trí mhí i gceist iontu. Is ionann taiscí gearrthéarmacha agus taiscí airgid thirim a mhaireann idir trí mhí agus bliain amháin. Taifeadtar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus taiscí gearrthéarmacha ag luach cóir i dtús agus luaitear iad ina dhiaidh sin ag costas amúchta. Déantar iad a chatagóiriú mar iasachtaí agus nithe infhaighte.



## 2 Láimhdeachas

|  | 2018<br>€'000  | 2017<br>€'000 |
|--|----------------|---------------|
| <i>Gníomhaíocht</i>                        |                |               |
| Faoi bhealach                              | 122,658        | 120,150       |
| Críochfort                                 | 25,741         | 25,136        |
| Seirbhís Chumarsáide an Atlantaigh Thuaidh | 22,480         | 22,325        |
| Rialachán sábháilteachta                   | 21,856         | 20,026        |
| Aerthrácht dhíolmhaithe                    | 1,241          | 1,566         |
| Tráchtáil                                  | 4,946          | 4,239         |
|  | <b>198,922</b> | 193,442       |

Tagann láimhdeachas an IAA go príomha ó sheirbhísí a bhaineann le heitlíocht agus ó fheidhmeanna reachtúla a chomhlíontar i bPoblacht na hÉireann.

## 3 Líon agus costais foirne

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag an IAA le linn na bliana, stiúrthóirí feidhmiúcháin san áireamh, agus é anailísithe de réir catagóire:

|                              | 2018<br>Líon | 2017<br>Líon |
|------------------------------|--------------|--------------|
| Oibríochtaí                  | 465          | 450          |
| Teicneolaíocht agus oiliúint | 57           | 60           |
| Rialachán sábháilteachta     | 107          | 100          |
| Seirbhísí corparáideacha     | 56           | 56           |
| <b>Líon iomlán fostaithe</b> | <b>685</b>   | 666          |

Ba mar seo a leanas a bhí costais phárolla chomhiomlána na ndaoine sin, agus curtha san áireamh sa chuntas brabúis agus cailíteanais.

|   | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---------------|---------------|
| Tuarastal agus pá                                       | 66,984        | 64,007        |
| Costais leasa shóisialaigh                              | 5,523         | 5,162         |
| Costais chúitimh eile                                   | 171           | 338           |
| Costais phinsin - costas seirbhíse reatha (nóta 20)     | 12,996        | 13,728        |
| Costais phinsin - ranníocaíochtaí sainithe (nóta 20)    | 126           | 90            |
| Costais phinsin - costas breise airgid thirim (nóta 20) | 7,068         | 6,134         |
| Costais eile iarfhostaíochta (nóta 20)                  | 321           | 320           |
|   | <b>93,189</b> | 89,779        |

### 3 Líon agus costais foirne (ar lean)

Is féidir anailísiú breise a dhéanamh ar thuarastal agus pá mar seo a leanas:

|          | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|----------|---------------|---------------|
| Bunphá   | 52,541        | 49,299        |
| Ragobair | 2,750         | 2,836         |
| Liúntais | 11,693        | 11,872        |
|          | <b>66,984</b> | 64,007        |

Déantar líon na bhfostaithe a n-íocadh os cionn €50,000 dóibh a rangú sna bannaí seo a leanas:

|                          | 2018<br>Líon | 2017<br>Líon |
|--------------------------|--------------|--------------|
| €50,000 – €75,000        | 141          | 127          |
| €75,001 – €100,000       | 107          | 121          |
| €100,001 – €125,000      | 172          | 174          |
| €125,001 – €150,000      | 131          | 123          |
| €150,001 – €175,000      | 26           | 15           |
| €175,001 agus ós a cionn | 14           | 16           |

48

### 4 Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil

|  | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|--|---------------|---------------|
| Ioncaim úis ó shócmhainní airgeadais                           | 11,390        | 9,774         |
| Gnóthachan luacha cóir ar shócmhainní airgeadais eile (nóta 9) | 5,566         | -             |
| Ioncam díbhinne ó shócmhainní airgeadais eile                  | 1,244         | 1,218         |
| Ús eile  | 167           | 173           |
| Gnóchain mhalairte eachtracha                                  | 506           | -             |
|  | <b>18,873</b> | 11,165        |

### 5 Ús iníoctha agus táillí comhchosúla

|  | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|--|---------------|---------------|
| Costais úis ar dhliteanais sochair shainithe | 12,936        | 12,574        |
| Táillí saoráid iasachta bainc                | 211           | 288           |
| Ús bainc                                     | 464           | 93            |
| Cailleanas malairte eachtrannaigh            | -             | 1,197         |
|  | <b>13,611</b> | 14,152        |

## 6 Faisnéis reachtúil agus faisnéis eile

|   | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---------------|---------------|
| <i>Luach saothair na stiúrthóirí - táille iníoctha do stiúrthóirí</i> |               |               |
| Michael McGrail ( <i>Cathaoirleach</i> )                              | 7             | -             |
| Peter Kearney ( <i>Príomhfheidhmeannach</i> )                         | -             | -             |
| Cian Blackwell  | 1             | -             |
| Marie Bradley   | 12            | 13            |
| Eamonn Brennan ( <i>a d'éirigh as ar an 13 Nollaig 2017</i> )         | -             | -             |
| Ernie Donnelly†   | -             | -             |
| Pascal Fitzgerald ( <i>ar scor ón 31 Iúil 2018</i> )                  | 7             | 13            |
| Basil Geoghegan ( <i>a d'éirigh as ar an 14 Meitheamh 2018</i> )      | 6             | 13            |
| Gerry Lumsden   | 1             | -             |
| Joan McGrath  | 1             | -             |
| Anne Nolan ( <i>ar scor ón 12 Meitheamh 2018</i> )                    | 10            | 22            |
| Michael Norton  | 13            | 13            |
| Geoffrey O'Byrne-White ( <i>a fuair bás ar an 11 Meitheamh 2018</i> ) | 6             | 13            |
| Kevin O'Driscoll ( <i>ar scor ón 16 Meán Fómhair 2017</i> )           | -             | 9             |
| Eimer O'Rourke  | 1             | -             |
|   | <b>65</b>     | <b>96</b>     |

† Ní bhfuair an tUasal Donnelly táille stiúrthóra. Íocadh é mar fhostóir de chuid an IAA.

Go comhiomlán, íocadh costais €14,659 ar an iomlán le linn 2018 do stiúrthóirí nó thar ceann, stiúrthóirí i leith seirbhísí ina gcáil mar stiúrthóir (2017: €22,001). Bhain na costais seo le taisteal agus cothabháil/cóiríocht go príomha.

|   | 2018<br>€'000 | (Athluaite)<br>2017<br>€'000 |
|---|---------------|------------------------------|
| Luachanna saothair agus ranníocaíochtaí pinsin a bhaineann le conradh fostaíochta an phríomhfheidhmeannaigh |               |                              |
| - tuarastal bunúsach bliantúil  | 221           | 232                          |
| - luach saothair a bhaineann le feidhmíocht a íocadh i leith na bliana roimhe                               | -             | -                            |
| - sochair inchánaithe eile*   | 18            | 66                           |
| - ranníocaíochta pinsin   | 60            | 50                           |
|   | <b>299</b>    | <b>348</b>                   |

Baineann an luach saothair iomlán in 2017 leis an tUasal Peter Kearney agus baineann an luach saothair iomlán in 2017 leis an iar-Phríomhfheidhmeannach, Eamonn Brennan.

Ceapadh Peter Kearney ina Phríomhfheidhmeannach ar an 6 Meitheamh 2018. Roimh an dáta sin, i ndiaidh don iar-Phríomhfheidhmeannach éirí as, bhí cúraimí an Phríomhfheidhmeannaigh air i gcáil gníomhach. De bhun a a chonartha mar Phríomhfheidhmeannach, is ionann tuarastal Peter Kearney agus €225,000 sa bhliain. Tá a luach saothair iomlán don bhliain mar Phríomhfheidhmeannach agus mar Phríomhfheidhmeannach gníomh leagtha amach thuas. Ceapadh Peter Kearney don bhord ar an 25 Meitheamh 2018. Ní bhfuair sé táille stiúrthóra.

